
# Tuarascáil Bhliantúil

2023



Dearbhú Cáilíochta
agus Cáilíochtaí Éireann
Quality and
Qualifications Ireland

# Clár


Réamhrá ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach 2

Maidir le QQI 5

Fís, Misean agus Luachanna 6

QQI in Uimhreacha 8

Ár gCuid Oibre in 2023 10

An Struchtúr Rialachais 42

Gnóthaí Corparáideacha 47

Bainistíocht Riosca 48

Aguisíní 52

# Réamhrá ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach



**Irene Sheridan**
Cathaoirleach QQI



**Dr Padraig Walsh**
Príomhfheidhmeannach QQI

In QQI, táimid tiomanta d'oibriú go dlúth lenár sraith éagsúil comhpháirtithe agus soláthraithe chun deiseanna breisoideachais agus ardoideachais ar ardchaighdeán a aithnítear go hidirnáisiúnta a chinntiú. Soláthraíonn an tuarascáil bhliantúil seo achoimre ar ár gcuid oibre in 2023, an lárphointe i gceathrú ráiteas straitéise QQI.

I mí Aibreáin, cheap an tAire Simon Harris cathaoirleach nua agus seisear gnáthchomhaltaí nua chun fónamh ar thríú Bord QQI.

I gcaitheamh na bliana, leanadh le hobair fhairsing ar an Marc Oideachais Idirnáisiúnta (IEM) le foilsiú sraith doiciméad tacaíochta agus treoirlínte agus i mí an Mhárta, d'óstáil QQI, i gcomhar leis an Líonra Náisiúnta um Ionracas Acadúil (NAIN), a chéad seachtain Intleachta Saorga le hábhar ó shaineolaithe idirnáisiúnta.

Agus aird agus imní idirnáisiúnta leanúnach faoi ionracas acadúil, reáchtáil an Líonra Náisiúnta um Ionracas Acadúil (NAIN), le tacaíocht ón QQI, clár imeachtaí seachtaine ar líne i mí Dheireadh Fómhair

le cainteoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta faoin téama "Ionracas Acadúil: Dearcadh an Fhoghlaimeora."

I Nollaig 2003 a bunaíodh an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC), a bhfuil QQI freagrach as a fhorbairt, a chothabháil agus a athbhreithniú. Mar chomóradh 20 bliain ar cheann de na creataí cáilíochtaí náisiúnta is faide bunaithe ar domhan, bhí comhdháil againn san Óstán Radisson Blu Royal, Baile Átha Cliath i mí na Samhna. Mar an ghníomhaireacht a bhfuil freagracht reachtúil uirthi as monatóireacht a dhéanamh ar bheartas náisiúnta um rochtain, aistriú agus dul chun cinn (ATP), choimisiúnaigh QQI athbhreithniú ar bheartas ATP a thugann eolas faoin úsáid a bhaint foghlaimeoirí agus soláthraithe oideachais as an CNC ó bunaíodh é. Foilsíodh an tuarascáil i gcomhthráth le comóradh 20 bliain CNC.

Tar éis taithí na soláthraithe agus na bhfoghlaimeoirí le linn na paindéime COVID-19, aithníodh go mbeadh gá le soláthar a dhéanamh do mhodhanna nua oideachais agus oiliúna. Bunaithe ar chomhairliúchán fairsing, d'eisigh QQI *Treoirlínte nua Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta do Sholáthraithe Clár a dTacaíonn Oideachas Digiteach leo* i mí an Mhárta, a gcaithfidh gach soláthraí a bhreithniú agus cláir oideachais agus oiliúna cumaisc nó cláir ar líne amháin á bhforbairt acu.

Ar cheann de thosaíochtaí straitéiseacha QQI tá tacaíocht a thabhairt d'acmhainn ar mhaithe le cláir sholúbtha nuálacha agus dearbhú cáilíochta láidir sna Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOanna). I mí an Mhárta, d'fhoilsíomar tuarascáil earnála inar tugadh le chéile na príomhthéamaí agus na príomh-mholtaí a d'eascair as an athbhreithniú tionscnaimh ar dhearbhú cáilíochta sna 16 BOO a reáchtáladh in 2021-22.

Ar aon dul le teacht le ceann eile de thosaíochtaí straitéiseacha QQI maidir le heolas agus deiseanna níos fearr a sholáthar d'fhoghlaimeoirí, seoladh leagan nua, uasghrádaithe agus freagrúil don teicneolaíocht de shuíomh Gréasáin Qualifax, *Qualifax.ie* i mí Mheán Fómhair, agus an straplíne nua *Qualifax – miniú ar gach cúrsa* aige. Tá an bunachar sonraí foghlaimeora seo ar fáil do chách mar acmhainn faisnéise saor in aisce, neamhchlaonta agus cuimsitheach do mhic léinn, cuardaitheoirí poist, treoirchomhairleoirí, chomh maith le tuismitheoirí agus aon duine atá ag cabhrú le duine aonair le cuardach cúrsa.

De bhrí go mbeidh deireadh an bhliain seo chugainn le timthriall athbhreithnithe reatha CINNTE ar institiúidí poiblí ardoideachais na hÉireann, agus leis an nglao a bhfuiltear ag súil leis ag a gcruinniú i mBealtaine 2024 ó airí bhallstáit an Limistéir Eorpaigh Ardoideachais go ndéanfaí athbhreithniú ar na Caighdeáin. agus Treoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta (ESG), choimisiúnaigh QQI athbhreithniú chun bonn eolais a chur ar fáil don smaointeoireacht ar thodhchaí chóras dearbhaithe cáilíochta na hÉireann agus na hEorpa don ardoideachas. Foilsíodh an tuarascáil, *Dearbhú Cáilíochta san Ardoideachas – Cá rachaimid as seo?* i mí na Nollag.

Leanadh den téarnamh iar-phaindéimeach i ndeimhniú foghlaimeoirí ar cuireadh fáilte roimhe le linn 2023 agus bhronn QQI beagnach 195,000 dámhachtain (ardú 12% ó 2022) ar bhreis agus 126,000 foghlaimeoir aonair (ardú 14% ó 2022) sa bhreisoideachas agus san ardoideachas.



# Maidir le QQI

Bunaíodh Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) leis an Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012. Is gníomhaireacht stáit é, agus is é an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta a cheapann baill neamhfheidhmiúcháin an Bhoird.

Táimid freagrach as dearbhú cáilíochta seachtrach a dhéanamh ar bhreisoideachas agus ardoideachas agus oiliúint in Éirinn Déanaimid cláir a bhailíochtú, dámhachtainí a bhronnadh agus is muidne atá freagrach as an CNC a chur chun cinn, a chothabháil, a fhorbairt agus a athbhreithniú, Ina theannta sin, cuirimid an pobal ar an eolas maidir le cáilíocht na gclár agus na gcáilíochtaí oideachais agus oiliúna, agus cuirimid comhairle ar an Aire maidir le beartas náisiúnta i dtaobh dearbhú cáilíochta agus breisiú an oideachais agus na hoiliúna.

Tá geallsealbhóirí againn i ngach earnáil oideachais agus oiliúna: foghlaimeoirí, soláthraithe, fostóirí, ranna rialtais, gníomhaireachtaí stáit agus comhlachtaí maoiniúcháin, comhlachtaí rialála, comhlachtaí gairmiúla, forais cháiliúcháin, an earnáil pobail agus deonach, comhlachtaí ionadacha;  agus comhlachtaí idirnáisiúnta atá freagrach as dearbhú cáilíochta agus cáilíochtaí.

# FÍS, MISEAN AGUS LUACHANNA

## ÁR BHFÍS

Táimid tiomanta d'fhís d'Éirinn ina dtairgtear deiseanna éagsúla breisoideachais agus ardoideachais ar ardchaighdeán, a chuireann ar chumas foghlaimeoirí a lánacmhainneacht a bhaint amach trí cháilíochtaí a bhfuil luach orthu go forleathan sa bhaile agus i gcéin a bhaint amach.

## ÁR MISEAN

Cothaímid muinín an phobail as cáilíocht, ionracas agus dea-cháil soláthraithe breisoideachais agus ardoideachais na hÉireann agus soláthraímid faisnéis údarásach ar an raon éagsúil cáilíochtaí atá san áireamh sa CNC.

## ÁR LUACHANNA

Bunaímid ár gcur chuige i leith ár gcuid oibre féin agus an tslí a n-oibrímid lenár ngeallsealbhóirí ar luachanna soiléire.

Creidimid go bhfuil **freagracht i bpáirt againn** le grúpaí eile chun muinín i gcáilíocht an oideachais agus na hoiliúna agus feabhsúchán leanúnach iontu a chinntiú. Creidimid gur fearr ár dtosaíohtaí agus ár gcuspóirí a bhaint amach trí **chomhoibriú agus oibriú go cuiditheach** agus go **cuimsitheach** lenár gcomhpháirtithe agus soláthraithe éagsúla. Is mór againn comhpháirtíochtaí ar mhaithe le leas frithpháirteach.

Geallaimid meas a léiriú ar **oibiachtúlacht, trédhearcacht agus inbhuanaitheacht** inár gcuid oibre. Is é sin an bonn lenár gcinnteoireacht agus lenár mbeartais, nósanna imeachta agus gníomhaíochtaí. Tá siad seo bunaithe ar fhianaise, agus ar dhea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta, tá siad údarásach agus seoltar iad ar shlí ionraic atá trédhearcach agus trína gcothaítear muinín.

Geallaimid difríocht a dhéanamh dár gcomhpháirtithe, dár soláthraithe agus dár bpobail. Is mór againn an fhaisnéis, an léargas agus an tionchar -- an tslí a gcomhlíontar spriocanna agus cuspóirí as a leanann tionchar dearfach substaintiúil ar ár dtimpeallacht oibriúcháin.

Is eagraíocht muid atá ag **foghlaim**. Táimid tiomanta don **nuálaíocht** agus don **bharrmhaitheas**.



# QQI IN UIMHREACHA

## Iarratais Bhailí a Fuarthas in 2023

**2 sholáthraí nua faofa**

trí Rochtain Tosaigh ar Bhailíochtú

**48 iarratas**

ar bhailíochtú cláir nua ardoideachais agus oiliúna (AOO) – d'éirigh le 33, diúltaíodh do 4, tá 11 ar feitheamh ar chinneadh

**73 iarratas**

ar bhailíochtú cláir nua breisoideachais agus oiliúna (FET) – d'éirigh le 28, diúltaíodh 1, 45 á bpróiseáil

**262 iarratas**

ar bhailíochtú difreálach ar chláir FET comhroinnte, d'éirigh le 257, 4 á bpróiseáil

**29 iarratas**

bhailí ar athbhailíochtú clár AOO, a ndearnadh gach ceann díobh a athbhailíochtú.

**12 iarratas**

bhailí ar athbhailíochtú cláir BOO

**Fuarthas 29 iarratas**

ar athbhailíochtú cláir AOO

**18.2 seachtaine**

meánfhad phróiseas bailíochtaithe na gclár

**Fuair 126,323**

foghlaimeoir Dámhachtainí QQI, méadú 14%

**Rinneadh 5,893**

tairiscint CAO do shealbhóirí Dámhachtainí QQI

**20 bliain**
den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí

**20 cinn de chaighdeáin**
ghinearálta comhchruthaithe le haghaidh Leibhéil 1-4 den CNC.

**29 ball**
den Líonra Domhanda um Ionracas Acadúil

**15 chruinniú**
comhphlé cáilíochta le BOOanna

**Tá 88% de gheallseal-bhóiri**
sásta le hobair QQI

**Foilsíodh an 1ú polasaí**
Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe

## Social Media

**5,345 leantóir,**
suas 10.4%; méadú 52.3% ar an ráta rannpháirtíochta

**10,905 leantóir,**
suas 38.4%; méadú 35.5% ar an ráta rannpháirtíochta

**368 leantóir,**
suas 51.4%; méadú 122.1% ar an ráta rannpháirtíochta

**583 síntiúsóir,**
suas 45%; 31,123 amharc, suas 29%

# Ár gCuid Oibre in 2023

## ÁR DTOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA

## **Tosaíocht 1 #faisnéis** - faisnéis agus deiseanna níos fearr d'fhoghlaimeoirí

Cuirfimid faisnéis ar ardchaighdeán ar fáil ar bhealaí forchéimnithe do lucht fágála na scoile agus dóibh siúd go léir atá ag lorg deiseanna foghlama ar fud agus idir institiúidí éagsúla sa bhreisoideachas agus san ardoideachas trí uasghrádú a dhéanamh ar ardáin agus ar sheirbhísí faisnéise cáilíochtaí QQI.

### Figiúirí do ghníomhaíocht deimhniúcháin

In 2023, fuair 126,323 foghlaimeoir dámhachtainí QQI. Is ionann é sin agus méadú 14% ar fhigiúirí 2022. Rinne QQI 194,721 dámhachtain in 2023. Is ionann é sin agus méadú 12% ar fhigiúirí 2022.

### Fíorú Cáilíochtaí

Bhí an-tóir ar an tseirbhís seo i gcónaí in 2023. Bíonn cúiseanna éagsúla le hiarrataí mar seo; áirítear leo cruthúnas cáilíochtaí d'fhostóirí, seirbhísí meastóireachta oideachais, iarratais ar choláistí agus riachtanais chónaitheacha i dtíortha eile. In 2023, d'fhreagair QQI 2,500 iarratas ó shealbhóirí dámhachtainí a rinne QQI agus a fhorais cháiliúcháin oidhreachta. D'fhás líon na n-iarratas de 29% i gcomparáid le figiúirí 2022.

### Seirbhís Athsholáthair Teastais

Próiseáladh 394 iarratas ar dheimhnithe athsholáthair in 2023. Is ionann é sin agus méadú 58% ar fhigiúirí 2022. Tugadh an tseirbhís isteach in 2019 agus tá líon na n-iarratas ag méadú i gcónaí bliain ar bhliain.

### Rochtain ar ardoideachas ag baint úsáide as dámhachtainí QQI

Is bealach seanbhunaithe í an Scéim Naisc Ardoideachais do shealbhóirí dámhachtainí QQI chun rochtain a fháil ar chláir oideachais tríú leibhéal. Tacaíonn QQI leis an scéim seo trí shonraí torthaí scóráilte a sholáthar don Lár-Oifig Iontrála (CAO) chun a chur ar chumas institiúidí tríú leibhéal tairiscintí a dhéanamh do shealbhóirí dámhachtainí QQI. In 2003, rinneadh 5,893 tairiscint bunaithe ar scór Breisoideachais QQI. Is méadú 6% é seo ar 2022. Fuarthas 3,0001 glacadh bunaithe ar scóir BO QQI. Is méadú 15% é seo ar fhigiúirí 2022.

### Láithreán gréasáin nua Qualifax a sheoladh

I rith 2023, rinne QQI nuashonrú ar bhreis is 15,000 cúrsa ar fud an bhreisoideachais agus an ardoideachais agus na hoiliúna in Éirinn.

In 2023, tugadh 793, 000 cuairt ar shuíomh Qualifax. Léirigh patrúin na gcuairteanna comhghaol láidir le hamlínte torthaí scrúduithe scoile agus le spriocdhátaí an CAO i rith na bliana. Rinneadh suíomh Gréasáin Qualifax a athfhorbairt le linn 2023 agus seoladh an suíomh Gréasáin nua i Meán Fómhair 2023.

An chéad chéim eile d'fhorbairt an Clár Cáilíochtaí na hÉireann (IRQ) a scóipeáil agus a thosú, lena n-áirítear faisnéis IEM, micreachreidiúintí agus naisc le bunachair shonraí Eorpacha a fhoilsiú.

Tá Tá an IRQ i bhfeidhm ó 2020 ag www. irq.ie agus anois liostaítear breis agus 13,000 clár agus breis

agus 11,000 cáilíocht atá san áireamh sa CNC do 250 soláthraí. Rinne na Forais Cháiliúcháin Ainmnithe (DAB) go léir uaslódálacha ar an IRQ, ag cinntiú go leanann an fhaisnéis faoi chláir agus faoi dhámhachtainí de bheith cothrom le dáta agus cruinn.

I mí Iúil 2023, d'fhoilsigh QQI, i gcomhar leis an Lárionad Náisiúnta Europass, sonraí an IRQ do chláir ardoideachais ar Chlár nua Tacar Sonraí Cáilíochtaí Europass (QDR) ag www.europass.ie, rud a fhágann gur féidir an fhaisnéis seo ar roghanna ardoideachais a fheiceáil ar leibhéal AE. Tá comhoibriú ó na forais cháiliúcháin ainmnithe ríthábhachtach i gcónaí chun na bunachair shonraí seo a phobalú go cuimsitheach.

## Fiche bliain den CNC a chomóradh trí imeacht earnála a óstáil agus léargas ar an CNC a fhoilsiú

Cheiliúir CNC na hÉireann cothrom 20 bliain ó bunaíodh é in 2023 agus chun an chloch mhíle shuntasach seo a cheiliúradh, d'óstáil QQI leath lá de cheardlanna réamhchomhdhála Déardaoin, 16 Samhain agus comhdháil lae Dé hAoine, 17 Samhain.- Na ceardlanna réamhchomhdhála a chlúdaigh topaicí a bhain le cumarsáid agus cur chun cinn an CNC; rochtain ar CNC a oscailt d'Fhorais Cháiliúcháin Liostaithe (LABanna); agus plé le ceannairí sinsearacha ar fud an oideachais threasaigh faoi thodhchaí an CNC. Chlúdaigh an chomhdháil lae topaicí lena n-áirítear micreachreidiúintí, Aistriú Rochtana & Forchéimniú (ATP). & Aitheantas don Réamhfhoghlaim (RPL), Ionracas Acadúil, Creataí Cáilíochtaí Domhanda agus ról an CNC san fhostaíocht agus i ngairmeacha. D'fhreastail thart ar 75 rannpháirtí ar na ceardlanna réamhchomhdhála, agus d'fhreastail níos mó ná 200 duine ar an gcomhdháil lae.

Mar aitheantas ar an gcloch mhíle shuntasach seo, tá tuarascáil ardleibhéil á cur le chéile ag QQI chun comóradh 20 bliain an CNC a cheiliúradh, a fhoilseofar i Ráithe 1, 2024. In 2023, iarradh cás-staidéir agus aighneachtaí ó gach cuid den earnáil threasach mar bhonn eolais leis an tuarascáil. Ina theannta sin, rinne grúpa sainchomhairleoirí agallaimh agus taighde le linn 2023 chun bonn eolais níos leithne a chur faoin tuarascáil agus chun taobhanna éagsúla den scéal a bhailiú ó raon leathan páirtithe leasmhara.

Ar deireadh, tá leathanach gréasáin idirghníomhach CNC curtha i dtoll a chéile ag QQI. Tá an suíomh níos intuigthe do gach cineál úsáideora, ar an deasc agus ar an bhfón póca. Tá nasc ann idir an leathanach, de réir leibhéal den CNC, le greille ar líne de tháscairí leibhéil. Seoladh an suíomh mar chuid dár gceiliúradh ar chothrom 20 bliain ó bunaíodh an CNC agus fuarthas aiseolas dearfach ó gheallsealbhóirí agus ó dhaoine a bhí páirteach sa chomhdháil CNC.

Déanfaimid ár gcion chun a chinntiú gur féidir le foghlaimeoirí a n-acmhainneacht a bhaint amach laistigh den chóras breisoideachais agus ardoideachais trí mheas a dhéanamh ar cibé an gcloíonn soláthraithe le cur chuige náisiúnta i leith rochtana, aistrithe agus dul chun cinn agus an dtugtar an t-aitheantas cuí a thabhairt don réamhfhoghlaim

## Tógfaimid ar ár gcaidreamh le geallsealbhóirí BOO agus AO, agus rannpháirtíocht idirnáisiúnta, chun raon feidhme doiciméid a leagan amach agus an doiciméad a fhoilsiú, ina leagfar amach cur chuige náisiúnta i leith aitheantas don réamhfhoghlaim san oideachas tríú leibhéal

Lean an fhorbairt ar bheartas agus ar chleachtas araon in Aitheantas Réamhfhoghlama ag neartú in 2023.

Comhdhlúthaíodh an tiomantas i gClár an Rialtais 'Ár dTodhchaí le chéile' san earnáil bhreisoideachais agus san earnáil pobail 'córas caighdeánaithe creidiúnaithe réamhfhoghlama a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, ag cur san áireamh oideachas, scileanna, taithí oibre agus rannpháirtíocht sa tsochaí roimhe seo'. i gcomhthéacs an oideachais threasaigh sa ghealltanas a rinne an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (DFERHIS) sa cheathrú 'Plean Náisiúnta Rochtana, Plean Gníomhaíochta Straitéiseach le haghaidh Cothromas Rochtana,

Rannpháirtíochta agus Ratha san Ardoideachas 2022 -2028' go 'scóipeálann agus go bhfoilsíonn QQI cur chuige náisiúnta i leith aitheantas réamhfhoghlama san oideachas treasach'. Leanadh den rannpháirtíocht agus den dréachtú chun tacú leis an obair seo, lena n-áirítear maidir le haitheantas agus bailíochtú.

Tuairiscíonn QQI thar ceann An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta ar dhul chun cinn náisiúnta i gcur chun feidhme mholadh 2012 maidir le foghlaim neamhfhoirmiúil agus mifhoirmiúil a bhailíochtú do Ghrúpa Comhairleach an Choimisiúin Eorpaigh de chuid an Chreata Eorpaigh Cáilíochtaí (EQFAG). In 2021, bhunaigh an Coimisiún Sainghrúpa Oibre Teicniúil um Bailíochtú (RPL) chun tacú le hobair an EQFAG, lena n-áirítear QQI.  Ba é obair an ghrúpa an t-ábhar deiridh a cuireadh le forbairt na dTreoirlínte Eorpacha um Bailíochtú na Foghlama Neamhfhoirmiúla agus Mífhoirmiúla.  LeQQI ar aghaidh ag scaipeadh aschuir agus nuashonruithe a tháinig chun cinn le líonraí náisiúnta ábhartha, trí ghrúpaí fócais chun aiseolas agus freagraí náisiúnta a fháil mar is cuí, agus trí láithreoireachtaí ag imeachtaí arna n-óstáil go seachtrach. Lean CEDEFOP agus an Coimisiún ag obair ar an bhFardal Tíortha le tacaíocht ó QQI mar chomhaltaí den EQF AG agus geallsealbhóirí ar fud na tíre. Ina theannta sin, dhírigh Bliain Eorpach na Scileanna ar an ról fíor-riachtanach atá ag bailíochtú chun tacú le haistrithe do dhaoine aonair agus earnálacha tionscail a athrú ar mhaithe le hiomaíochas feabhsaithe.

Bhuail QQI le hionadaithe an Tionscnaimh um Chaipiteal Daonna (HCI) tionscadal 'RPL in Higher Education' agus le Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (ETBI) agus ionadaithe earnála, lena n-áirítear comhlachtaí reachtúla gairmiúla agus rialála chun tacú le forbairt sineirge agus chun tuarascálacha ar dhul chun cinn a mhalartú. Rinneadh cur i láthair ar roinnt clár forbartha gairmiúla leanúnaí a cuireadh ar fáil go héagsúil ar fud na n-earnálacha BOO agus AO go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, lena n-áirítear clár 'Skillsets in Transit' Institiúid Foghlama ar Feadh an tSaoil UNESCO a scrúdaigh freagairtí trí aitheantas, bailíochtú agus creidiúnú d'imircigh agus do dhídeanaithe.

Bhí Líonra Cleachtóirí RPL, faoi stiúir na gcomhthionóltóirí Carol Lynch (Ollscoil Mhá Nuad) agus Siobhan Magee (Seirbhís Tacaíochta Breisoideachais, BOO an Chabháin agus Mhuineacháin) i gceannas ar ghrúpa stiúrtha líonra leathnaithe a léirigh moladh 2012, chun clár nua oibre a aontú. Tacaíonn QQI leis an líonra trínár rannpháirtíocht ghníomhach sa ghrúpa stiúrtha, in éineacht le gníomhaireachtaí eile, agus trí thacaíocht phraiticiúil a thabhairt d'imeachtaí duine le duine.

## Caighdeáin ghinearálta L1-4 a ghlacadh agus a fhoilsiú mar aon le treoirlínte gaolmhara lena gcur i bhfeidhm, monatóireacht a dhéanamh orthu agus iad a athbhreithniú

Comhchruthaíodh an 20 caighdeán leathan dámhachtana ag Leibhéal 1-4 den CNC leis an earnáil BOO agus bhí siad bunaithe ar uaillmhianta náisiúnta agus Eorpacha chun tacú le cuimsiú sóisialta agus deiseanna ardchaighdeáin foghlama ar feadh an tsaoil a chur chun cinn.

Ba é príomh-chomhpháirt an tionscadail seo ná próiseas rannpháirtíochta earnála le príomhpháirtithe leasmhara náisiúnta i bhfoirm an chomhairliúcháin náisiúnta. Tá an tsraith leathan caighdeán dámhachtana do dhámhachtainí breisoideachais agus oiliúna QQI ag Leibhéil 1-4 den CNC beartaithe le cur chuige úr agus solúbtha a thabhairt isteach maidir le forbairt clár do sholáthraithe BOO in Éirinn.

## Athbhreithniú ardleibhéil a choimisiúnú ar threochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta in Rochtain, Aistriú agus Forchéimniú (ATP), agus ar sholáthairtí & comhthéacs reatha QQI le moltaí don todhchaí

Mar chuid de chomóradh 20 bliain ó tugadh isteach an CNC agus an beartas náisiúnta ATP a thugann eolas faoin úsáid a bhaineann foghlaimeoirí agus soláthraithe oideachais as an gcreat, coimisiúnaíodh tuarascáil chun athbhreithniú a dhéanamh ar na cineálacha cleachtais a thacaíonn le ATP in Éirinn.  Bhí ATP lárnach ó thaobh cur ar chumas foghlaimeoirí úsáid a bhaint as an CNC agus leas a bhaint as, de bhrí go soláthraíonn se ailtireacht riachtanach de shocruithe sonraithe iontrála, aistrithe, agus bealaí forchéimnithe; carnadh creidmheasanna; eolas d'fhoghlaimeoirí; agus aitheantas réamhfhoghlama.

Léiríonn torthaí na tuarascála, a foilsíodh i mí na

Samhna 2023, go gcuireann gairmithe tiomnaithe prionsabail an chothromais agus an chuimsithe shóisialta atá mar bhonn agus taca le ATP i bhfeidhm i dtionscnaimh iomadúla. Tá eolas flúirseach ach eolas ilroinnte, lena n-áirítear doiciméid bheartais, aschuir tionscadail agus tuarascálacha taighde a chuireann le tuiscint ar ATP agus cleachtas gaolmhar, mar bhonn eolais leis an tuarascáil. Tugann an tuarascáil léargas ar obair thiomanta agus eolach cleachtóirí, foghlaimeoirí agus taighdeoirí ar fud an tírdhreacha threasaigh, san am a chuaigh thart agus san am i láthair agus cuireann sí príomhthorthaí i láthair agus cuireann sí béim ar roinnt eiseamláirí cleachtais ar fud na hearnála oideachais agus oiliúna treasaí. Tá roinnt moltaí ann do QQI a bhreithneofar le linn 2024.

## Feabhsóimid roghanna agus deiseanna foghlaimeoirí trí raon méadaithe cáilíochtaí solúbtha, micrea-dhintiúir ina measc, a áireamh sa CNC

### Dul i gcomhairle le geallsealbhóirí maidir le dréachtbheartais, próisis agus nósanna imeachta maidir le Forais Cháiliúcháin Liostaithe (LABanna) a chuimsiú ar an CNC

Foilsíodh sraith páipéar bán i mí Iúil 2023 maidir le forbairt agus cur i bhfeidhm scéim na LABanna. Áiríodh leis na páipéir bhána seo dhá dhréachtbheartas agus critéir: ceann amháin chun LABanna a bhunú agus ceann eile chun dámhachtainí a áireamh sa CNC, chomh maith le dréacht-Threoirlínte nua um Dhearbhú Cáilíochta do na LABanna. Dúnadh an comhairliúchán i Meán Fómhair 2023. Tríd is tríd, fuarthas freagairt an-dearfach ar an gcomhairliúchán agus fáilt

íodh sna freagairtí go léir roimh scéim na LAB agus mhol siad na doiciméid bheartais láidre, déine a bhí mar bhonn agus thaca léi. D'aithin an chuid is mó de na haighneachtaí ról scéim na LAB i leathnú agus i bhfairsingiú an CNC, rud a rachadh chun tairbhe go soiléir d'fhoghlaimeoirí.  Go sonrach, tugadh le fios sna haighneachtaí go gcuirfidh an scéim ar chumas foghlaimeoirí rochtain níos fearr a bheith acu ar dhámhachtainí rialaithe agus aitheanta, leas a bhaint as aitheantas réamhfhoghlama agus leas a bhaint as socruithe ATP. Cé gur thacaigh aighneachtaí le scéim na LABanna go ginearálta, bhí iarratais ann ar shoiléiriú agus ar bhreithniú. D'aithin na freagróirí go bhfuil buntáistí ag baint le leathnú an CNC chun dámhachtainí nua a áireamh ach gur gá ionracas an chreata a chosaint. Nuashonraíodh an polasaí, na critéir agus na treoirlínte um dhearbhú cáilíochta agus cuireadh faoi bhráid an Choiste um Beartais agus Chaighdeáin (CBC) agus Bhord QQI iad i mí na Samhna agus mí na Nollag faoi seach. Faomhadh na doiciméid agus foilseofar iad i Ráithe 1, 2024.

Reáchtáladh ceardlann réamhchomhdhála tiomnaithe do na LABanna Déardaoin 16 Samhain mar chuid de chomóradh 20 bliain an CNC. Dearadh an cheardlann chun LABanna ionchasacha a thabhairt cothrom le dáta maidir leis an gcomhairliúchán, iniúchadh a dhéanamh ar an luach a bhaineann le cuimsiú dámhachtainí 20 bliain níos déanaí agus chun tús a chur le cainteanna faoi na freagrachtaí a bhaineann le bheith ina bhForais Cháiliúcháin Liostaithe. D'fhreastail ionadaithe ó 12 LAB ionchasach, mar aon le comhairleoirí oideachais agus comhghleacaithe idirnáisiúnta agus go leor eile ar an gceardlann.

Cuireadh an cur chuige maidir le dearbhú cáilíochta LABanna i láthair ag Comhdháil Bhliantúil an Fhóraim Eorpaigh um Dhearbhú Cáilíochta (EQAF) in Aveiro, an Phortaingéil i mí na Samhna. Cuireadh oscailt an CNC agus an deis d'fhorais ghairmiúla dámhachtainí a chuimsiú mar chuid de scéim LABanna ag Fóram Comhlachtaí Gairmiúla Údarás Cáilíochtaí na hAfraice Theas (SAQA) in Johannesburg i mí na Samhna.

## Déanfaimid ár gcion le cinntiú go gcuirtear ar chumas gach foghlaimeora rochtain a fháil ar cháilíochtaí creidiúnaithe i dtimpeallachtaí foghlama atá oiriúnach dá riachtanais lena n-áirítear san ionad oibre

### Leanúint de mholtaí Chomhairle an AE maidir leis an EQF agus micri-dhintiúir a chur i bhfeidhm. Monatóireacht a dhéanamh ar thionchar ar an CN.

An Lárionad Náisiúnta Europass (NEC) agus an Creat Eorpach um Cháilíochtaí (EQF) Tionscadal Gníomhaíochta Comhpháirteach Pointe Teagmhála Náisiúnta 2021-2023.

Chríochnaigh tionscadal Europass agus EQF-NCP Éire 2021-2023 i mí na Nollag 2023. Cuirfear tuarascáil deiridh isteach i Ráithe 1, 2024. Tacaíonn an comhthionscadal seo le hardán Europass nua uasghrádaithe agus an EQF a chur chun cinn agus a chur i láthair ár bpríomhpháirtithe leasmhara ar fud ardoideachais agus breisoideachais, agus don phobal i gcoitinne. I measc phríomhthosaíochtaí EQF don tionscadal tá scéim a fhorbairt d'Fhorais Cháiliúcháin Liostaithe agus cuimsiú dámhachtainí sa CNC; cur chun cinn leanúnach an CNC; agus comhtháthú an IRQ le hardán QDR agus ullmhú le haghaidh dintiúir dhigiteacha. Freastalaíonn ionadaithe ó QQI ar chruinnithe rialta Ghrúpa Comhairleach an Chreata Eorpaigh um Cháilíochtaí agus Grúpa Comhairleach Europass, ar líne agus go pearsanta agus bíonn baint acu le roinnt fo-ghrúpaí agus grúpaí oibre.

Thionóil an Lárionad Náisiúnta Europass Cruinniú Bliantúil Ghrúpa Tagartha AE do Ghníomhaireachtaí DFHERIS an 1 Feabhra 2023, go pearsanta don chéad uair ó bhí paindéim COVID-19 ann. Ba é seo an 10ú cruinniú den ghrúpa agus bhí QQI ina óstach air. Tháinig ionadaithe le chéile chun nuashonruithe a roinnt ar ghníomhaíochtaí coiteanna Eorpacha agus chun sineirge agus comhoibriú a bhunú. D'fhreastail 67 toscaire ó raon leathan gníomhaireachtaí breisoideachais agus ardoideachais ar fud na hÉireann. Chuir QQI nuashonruithe ar fáil ar thionscadal Europass agus EQF-NCP Éire 2021-2023 agus foilsíodh tuarascáil a thug forbhreathnú ar na himeachtaí iomlána.

Tháinig an grúpa idirghníomhaireachta 'Tá an Eoraip ar Oscailt Duit' le chéile faoi dhó le linn 2023 chun nuashonrú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí tionscadail/cláir arna maoiniú ag an Aontas Eorpach agus chun réimsí comhoibrithe a shainaithint. D'fhoilsigh Eurodesk Ireland, i gcomhar le baill den ghrúpa idirghníomhaireachta, leagan nua den treoir 'Europe is Open to You/Tá an Eoraip ar Oscailt Duit' in 2023. Chuidigh QQI, mar óstach náisiúnta Lárionad Europass, le forbairt an leagain nua den treoir le faisnéis cothrom le dáta ar uirlisí ábhartha soghluaisteachta Europass, NARIC Ireland, an IRQ, an CNC, agus an Creat Eorpach um Cháilíochtaí .

I mí na Samhna 2023, bhailigh ionadaithe ó Ionad Europass Náisiúnta na hÉireann le comhghleacaithe de chuid na Lárionad Náisiúnta Europass i gCóbanhávan thar dhá lá chun freastal ar réamhchruinnithe na bhfo-ghrúpaí líonra (Cnuasach an Iarthair agus an Grúpa Oibre Nuálaíochta) agus chun freastal ar chruinniú bliantúil líonra Europass. Thug na cruinnithe seo deis chun cloisteáil faoi nuashonruithe agus topaicí coitianta ó chomhaltaí eile den Lárionad Náisiúnta Europass, deiseanna comhoibrithe a phlé, éisteacht agus aird a thabhairt ar fhaisnéis maidir le Beartas Europass, agus eolas a fháil ar nuashonruithe ón gCoimisiún Eorpach ar chúrsaí ar leibhéal AE agus ar thosaíochtaí nua don chéad chéim eile.

Cuireadh isteach togra le haghaidh tionscadail Europass agus EQF-NCP Éire 2024-2026 agus maoiniú gaolmhar i mí na Nollag 2023.

Beidh ról lárnach againn i gcinntiú go mbeidh rochtain ag foghlaimeoirí ar raon leathan clár nua printíseachta ar ardchaighdeán sa bhreisoideachas agus san ardoideachas

### Tacú le SOLAS, an Oifig Náisiúnta Printíseachta (NAO) agus le geallsealbhóirí ábhartha eile maidir le haistriú na gclár ceardaíochta.

In 2023, leQQI dá thacaíocht do SOLAS, NAO agus geallsealbhóirí ábhartha eile ó thaobh córas printíseachta nua amháin a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

# **Tosaíocht 2 #cosaint** – rialáil neartaithe a chur i bhfeidhm chun foghlaimeoirí a chosaint

Cosnóimid foghlaimeoirí trí fheasacht ar ionracas acadúil a chur chun cinn agus a chothabháil agus monatóireacht a dhéanamh orthu siúd atá ag iarraidh an bonn a bhaint de

## An Líonra Náisiúnta um Ionracas Acadúil (NAIN)

Is líonra náisiúnta faoi thiomáint piaraí é an Líonra Náisiúnta um Ionracas Acadúil de bhaill foirne (thart ar 120 ball) ó institiúidí ardoideachais na hÉireann (arna n-ainmniú ag a gcláraitheoirí), ionadaithe na mac léinn, agus gníomhaireachtaí ionadaíocha ardoideachais.

In 2023, lean NAIN lena shraith d'Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach, le máistir-ranganna ó shaineolaithe idirnáisiúnta agus seimineáir ghréasáin. D'fhoilsigh sé dhá acmhainn nua freisin:

- Treoirlínte NAIN Ginúnach AI d'Oideoirí 2023
- Creat NAIN maidir le Mí-iompar Acadúil a Fhiosrú agus Bainistíocht Cásanna 2023

Tá tús curtha leis an obair ar Fhoclóir NAIN de Théarmaí Coitianta a athbhreithniú agus a leasú.

Ó thús deireadh 2023, rinne ionadaithe QQI agus NAIN cur i láthair ag roinnt comhdhálacha agus imeachtaí ar ionracas acadúil in Éirinn agus sa RA.

Ina measc bhí:

- The Irish Learning Technologists Association Conference (BÁC, Meitheamh 2023).
- The Association of Community and Comprehensive Schools Conference (Baile Átha Luain, Iúil 2023).
- European Network for Academic Integrity Conference (Derby, RA, Iúil 2023)
- ENQA General Assembly (BÁC, Samhain 2023)
- Academic and Research Integrity Conference Ireland (Gaillimh, Deireadh Fómhair 2023)
- UK ENIC 2023 annual conference (Londain, Nollaig 2023)

## Eitic, Trédhearcacht agus Ionracas san Oideachas de chuid Chomhairle na hEorpa

Bhí ionadaíocht ag QQI mar cheann amháin den dá thoscaire náisiúnta ag ardán Chomhairle na hEorpa um Eitic, Trédhearcacht agus Ionracas san Oideachas (ETINED).

Bhí ionadaí ón Roinn Oideachais i láthair, chomh maith. Ar na príomhnithe a pléadh bhí:

- Nuashonrú ar an Moladh ar Chalaois Oideachais a Chomhrac, moladh a glacadh le deireanas.
- Faireachlann a bhunú chun calaois oideachais a fhaireachán agus a chomhrac.
- Conas is féidir measúnú a athdhearadh chun tacú le hiomláine acadúil.

Rinneadh tagairt do thionscnaimh agus do chineálacha comhoibrithe Éireannacha le linn an chruinnithe: luaigh saineolaithe ETINED an Líonra Náisiúnta um Ionracas Acadúil agus ar an Líonra Domhanda um Ionracas Acadúil le linn pléití, agus rinneadh tagairt d' Fhoclóir NAIN de Théarmaí Coitianta mar chuid de thionscadal ETINED chun gluais téarmaí ioracais acadúil a chruthú. Thug an tOllamh Michael Draper, saineolaí ETINED Ollscoil Swansea/Chomhairle na hEorpa aird ar bheartas ionracais acadúil QQI, beartas atá á chur i dtoll a chéile, a fhoilseofar mar Pháipéar Bán in 2024, shampla de dhea-chleachtas sa tslí ina gcuirtear saincheisteanna ann i gcomhthéacs chreat mholadh Chomhairle na hEorpa ar chalaois oideachais a chomhrac.

Gheofar tuilleadh eolais ar an moladh agus ar bheartas iomláine acadúla QQI, mar atá sé beartaithe, in agallamh gearr leis an Ollamh Michael Draper; Academic Integrity in 2020 and Beyond: Professor Michael Draper ar chainéal QQI ar YouTube.

## Seachtain na hIntleachta Saorga

Thionóil QQI a chéad Seachtain Intleachta Saorga i Márta 2023. Cúig sheimineár gréasáin a bhí ar an gclár, a chuir saineolaithe san Astráil, sa RA, in Éirinn, agus i gCeanada i láthair agus tugadh comhairle do sholáthraithe, dá gcuid mac léinn agus dá mbaill foirne ar an tslí leis an múinteoireacht, an fhoghlaim agus an measúnú a chosaint agus a oiriúnú i bhfianaise forbairtí san AI a ghiniúnach (GenAI). Gheofar an tuarascáil láithreán gréasáin EDI. Seachtain na hIntleachta Saorga.

## Beartas rialála don ionracas acadúil a fhoilsiú

Cuireadh tús le hobair QQI ar bheartas um ionracas acadúil a fhorbairt in 2023. Mionsonrófar sa bheartas an chaoi ina bhfuil sé beartaithe ag QQI oibriú leis na forais cháiliúcháin eile sa Stát chun cur chuige comhleanúnach comhsheasmhach a fhorbairt i leith ionracas acadúil agus leagann sé amach breithnithe do sholáthraithe, chomh maith le pleananna QQI maidir lena bheartais, nósanna imeachta agus a phróisis féin. Áireofar air seo:

- Ionchais na soláthraithe maidir le forbairt agus athbhreithniú beartas, nósanna imeachta agus próisis chun ionracas acadúil a choinneáil agus chun tacú le bailíocht an mheasúnaithe.
- Tuairisciú cainníochtúil ar mhí-iompar acadúil a bhunú ar leibhéal náisiúnta chun tacú le tuairisciú cáilíochtúil a dhéanann institiúidí ardoideachais poiblí agus príobháideacha cheana féin.
- Breithnithe ar ionracas acadúil a ionchorprú i mbeartais, nósanna imeachta agus treoirlínte QQI.

Reáchtáladh cruinnithe inmheánacha agus comhairliúcháin luatha le príomhghrúpaí geallsealbhóirí le linn 2023 – áiríodh ar na cruinnithe deireanacha coiste stiúrtha NAIN, ceannairí sinsearacha ó na Forais Cháiliúcháin Ainmnithe, agus a gcomhlachtaí ionadaíocha. Cheadaigh Coiste Beartais agus Caighdeán QQI an dréachtbheartas le haghaidh comhairliúcháin i mí na Samhna 2023.

## Clár rannpháirtíochta a chur i dtoll a chéile maidir le hionracas acadúil do sholáthraithe dámhachtainí QQI

## Iomláine Acadúil a Scaipeadh

Leanadh ar aghaidh ag scaipeadh Nuashonrú QQI ar Ionracas Acadúil in 2023, agus eisíodh ceithre nuashonrú. Áiríodh i ngach nuashonrú samplaí de dhea-chleachtas ó sholáthraithe oideachais Éireannacha chun tacú le hionracas acadúil agus nuacht comhroinnte ar ionracas acadúil agus acmhainní ó Éirinn agus níos faide i gcéin agus iad a fheabhsú.

D'éascaigh QQI agus NAIN ceardlann d'fhoghlaimeoirí chun ionracas acadúil (lena n-áirítear tionchar GenAI) a phlé le foghlaimeoirí ón earnáil ardoideachais Éireannaigh ar fad ar 6 Deireadh Fómhair. Beidh aschuir na ceardlainne mar bhonn eolais faoi chumarsáid QQI/NAIN le foghlaimeoirí agus chun feachtas meán a fhorbairt.

Le linn 2023, leathnaigh QQI a rannpháirtíocht ar ionracas acadúil le páirtithe leasmhara ar fud chóras oideachais na hÉireann. Chuir sé nuashonruithe ar a chuid oibre rialála sa spás seo, agus ar NAIN agus a chuid gníomhaíochta, i láthair do chomhlachtaí gairmiúla reachtúla agus rialála ag roinnt imeachtaí Theacht ar Chomhthuiscint i rith na bliana.

I mí Dheireadh Fómhair 2023, thug QQI le chéile ionadaithe ó DFHERIS, an Roinn Oideachais agus Coimisiún na Scrúduithe Stáit, ón gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus ón Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO) chun plé ar ionracas acadúil ar fud an chórais oideachais a éascú. Mar chuid den chruinniú seo, labhair an tOllamh Ann Rogerson, Ollscoil Wollongong, an Astráil, le rannpháirtithe faoi ionracas acadúil i K-12 agus san oideachas iar-bhunscoile agus faoin tábhacht a bhaineann le pointí aistrithe idir céimeanna den oideachas chun ionracas acadúil a thacú agus a chothabháil.

## Leathnú agus leanúint (le taobh TEQSA) chun an Líonra Domhanda um Ionracas Acadúil a bhainistiú; tús a chur le forbairt agus foilsiú ráiteas comhchoiteann GAIN

Tríd an Líonra Domhanda um Ionracas Acadúil, a bunaíodh in 2022 i gcomhpháirtíocht le TEQSA (Gníomhaireacht Cáilíochta agus Caighdeáin Oideachais Threasaigh na hAstráile), tháinig QQI le chéile i rith 2023 le piar-eagraíochtaí idirnáisiúnta (rialtóirí, gníomhaireachtaí um Dhearbhú Cáilíochta (QA), údaráis cáilíochtaí, agus ionaid aitheantais acadúla) chun raon ábhar a bhaineann le hionracas

acadúil a phlé agus cloisteáil ó aoi-chainteoirí ar réimsí sainiúla. I measc na n-ábhar a pléadh bhí cur chuige beartais agus rialála mar fhreagra ar fhorbairtí GenAI, na samhlacha gnó atá ag soláthraithe seirbhíse caimiléireachta ar conradh agus muilte dioplóma, agus nuashonruithe ó chomhaltaí ar fhorbairtí ina ndlínsí féin.

### Tús a chur le rannpháirtíocht rialála ar ionracas acadúil le soláthraithe FET; grúpa comhairleach FET a bhunú chun treoir rialála QQI a threorú (lena n-áirítear athbhreithniú/athbhreithniú/cur ar bhonn reachtúil na dTreoirlínte AI)

Reáchtáil QQI dhá imeacht do Bhoird Oideachais agus Oiliúna (BOOanna) ar ionracas acadúil i mí Feabhra, cruinniú faisnéise ar an reachtaíocht, agus ceardlann dá éis chun plé a dhéanamh ar bhagairtí ar ionracas acadúil a bhaineann go sonrach le foghlaimeoirí BOO, agus cineálacha cuir chuige i leith polasaithe soláthraithe.

Cuimsíonn nuashonrú Ionracas Acadúil de chuid QQI soláthraithe agus foghlaimeoirí BOO anois agus foilsíodh ailt ó bhoird oideachais agus oiliúna sa nuashonrú seo le linn 2023.

Mar chuid de Chomhdháil um Ionracas Acadúil agus Taighde Ollscoil na Gaillimhe/NAIN 2023, eisíodh cuirí chun freastal ar mháistir-ranganna chuig gach Stiúrthóir BOO sna boird oideachais agus oiliúna agus d'fhreastail roinnt ionadaithe ó na boird sin ar na máistir-ranganna agus ar an gcomhdháil féin. Ardaíodh ionracas acadúil le linn chruinnithe idirphlé cáilíochta na mbord oideachais agus oiliúna, a reáchtáladh i Ráithe 2 agus 3, 2023, agus scaipeadh roinnt tionscnamh a phléigh na boird oideachais agus oiliúna ar fud na hearnála oideachais threasaigh trí Nuashonruithe ráithiúla QQI ar Ionracas Acadúil. Áiríodh le nuashonrú mhí Dheireadh Fómhair 2023 alt ó Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall maidir lena bhFóram um Rialachas agus Bainistíocht Foghlaimeoirí a bunaíodh le déanaí agus a phlé ar ionracas acadúil.

### Caidrimh agus gníomhaíocht tuairiscithe a leathnú le hardáin fógraíochta agus foilsitheoireachta domhanda

LeQQI de mhonatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar chásanna de chur chun cinn na caimiléireachta conarthaí ar ardáin fógraíochta, foilsitheoireachta agus meán sóisialta le linn 2023. Foilsíodh achoimrí tuairiscithe (líon míreanna a tuairiscíodh / líon na n-ítimí bainte / srianta ar fud na n-ardán go léir a mbíonn QQI ag plé leo) i Nuashonruithe QQI maidir le hIonracas Acadúil.

## Déanfaimid measúnú agus monatóireacht láidir ar sholáthraithe príobháideacha maidir lena n-oiriúnacht chun dámhachtainí QQI a thairiscint agus slándáil a sholáthar dá bhfoghlaimeoirí trínár maoirseacht ar an gciste reachtúil um chosaint foghlaimeoirí.

### Dícheall Cuí: An próiseas dícheall chuí a chur i bhfeidhm, a chur ar fáil agus monatóireacht a dhéanamh air

Dréachtaíodh sraith rialachán a bhuntacaíonn le cur i gcrích agus cur i bhfeidhm an Achta um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Leasú), 2019 le haghaidh formheas an Aire le linn 2023. Bhí na Rialacháin um Chritéir Acmhainne agus Inniúlachta a.29B ina sonraítear na critéir atá le cur i bhfeidhm ar mheasúnú dícheall chuí ar sholáthraí mar chuid den tsraith seo. In 2023, forbraíodh próiseas iarratais ar líne ceann go ceann do sholáthraithe a oibríonn le QQI, lena n-áirítear soláthraithe atá ag lorg údarú chun IEM a úsáid, a bhfuil dícheall chuí ina fasach coinníll. Soláthróidh sé sin meicníocht éifeachtúil uathoibrithe chun próiseas meastóireachta an dícheall chuí a bhainistiú. Críochnaíodh obair shuntasach ar na doiciméid a ghabhann leis seo chun tacú le seachadadh éifeachtach an phróisis. Cuireadh na táillí molta riachtanacha a bhainfidh le meastóireacht dícheall chuí i gcás soláthraí faoi bhráid na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (DFHERIS) lena mbreithniú roimh dheireadh bliana, 2023.

### Cosaint d'Fhoghlaimeoirí Cláraithe: An scéim formheasta PEL náisiúnta a chur i bhfeidhm agus a bhainistiú de réir riachtanais reachtaíochta agus frámaí ama

Dréachtaíodh rialacháin a thacaíonn le bunú,

cothabháil agus bainistiú an Chiste um Chosaint Foghlaimeoirí agus rialacháin chun méid an mhuirir bhliantúil a bheidh le híoc ag soláthraithe a fhorordú le haghaidh formheas an Aire. Tá obair shuntasach déanta ar scóipeáil a dhéanamh ar fhorbairt na bpróiseas atá mar bhonn agus taca le bunú agus bainistiú an chiste.

Déanfaimid ár gcion chun eispéireas foghlama ardchaighdeáin a chinntiú do mhic léinn idirnáisiúnta tríd an Marc Oideachais Idirnáisiúnta (IEM) a eisiúint do sholáthraithe ardoideachais agus oideachais Béarla (ELE).

### An Marc Oideachais Idirnáisiúnta: Cóid chleachtais, beartais agus treoir ábhartha IEM a fhoilsiú d'Earnáil Mhúineadh an Bhéarla agus don Earnáil Ardoideachais

Reáchtáladh comhairliúchán poiblí  idir Samhain agus Nollaig 2022 maidir leis na doiciméid bheartais chun an Marc Oideachais Idirnáisiúnta a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Tar éis na tréimhse comhairliúcháin, bhí cruinnithe eile ag QQI le comhlachtaí ionadaíocha soláthraithe, soláthraithe aonair agus páirtithe leasmhara eile in earnálacha an ardoideachais agus Mhúineadh an Bhéarla i rith Ráithe 1 agus 2, 2023, chun an scéim, an doiciméadú agus an próiseas iarratais agus measúnaithe a phlé. D'fhaomh an CBC agus Bord QQI an doiciméadú deiridh in 2023:

- Cód Cleachtais chun Cláir Oideachais Bhéarla a Sholáthar d'Fhoghlaimeoirí Idirnáisiúnta,
- Treoirlínte Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta don Oideachas Béarla,
- Cód Cleachtais chun Cláir Ardoideachais a Sholáthar d'Fhoghlaimeoirí Idirnáisiúnta,
- Beartas ar Údarú chun an Marc Oideachais Idirnáisiúnta a Úsáid.

Tiocfaidh na doiciméid bheartais i bhfeidhm nuair a chuirfear tús leis na hailt ábhartha den reachtaíocht. I rith 2023, d'úsáid soláthraithe sna hearnálacha ardoideachais agus Mhúineadh an Bhéarla a bhí i mbun a bpleanála tosaigh d'iarratas IEM na doiciméid in 2024.

### An Marc Oideachais Idirnáisiúnta: An scéim IEM a oscailt d'iarratais

Forbraíodh an próiseas iarratais agus measúnaithe an Mhairc Oideachais Idirnáisiúnta do sholáthraithe ardoideachais agus Mhúineadh an Bhéarla. Lean an Rannóg Oideachais Idirnáisiúnta ar aghaidh ag forbairt tógáil TFC don phróiseas iarratais agus measúnaithe i gcás an Mhairc Oideachais Idirnáisiúnta agus críochnaíodh céim a haon, an tairseach iarratais, agus tá sé réidh le glacadh le hiarratais. Rinneadh dul chun cinn ar obair ar chéim a dó agus táthar ag súil go gcríochnófar í go luath i R2, 2024. Cuireadh tús le forbairt acmhainní chun tacú le soláthraithe a dhéanann iarratas ar údarú chun an Marc Oideachais Idirnáisiúnta a úsáid agus tabharfar chun críche é go luath i R2, 2024. Áirítear ar na hacmhainní seo lámhleabhair agus físeáin treorach do sholáthraithe ardoideachais agus Mhúineadh an Bhéarla, lámhleabhair agus físeáin TF, agus lámhleabhair do mheasúnóirí.

### An Marc Oideachais Idirnáisiúnta: Branda IEM a lainseáil agus an feachtas poiblíochta a chur i dtoll a chéile

Forbraíodh branda an Mhairc Oideachais Idirnáisiúnta, TrustEd Ireland, agus fuarthas aiseolas dearfach ón Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, an tUasal Simon Harris, agus ó pháirtithe leasmhara sna hearnálacha ardoideachais agus Mhúineadh an Bhéarla. Forbrófar tionscadal cumarsáide in 2024 chun an branda agus an Marc Oideachais Idirnáisiúnta a chur chun cinn a luaithe a sheolfar an scéim in 2024.

Reáchtáladh dhá imeacht do sholáthraithe sna hearnálacha ardoideachais agus Mhúineadh an Bhéarla ar ailíniú na gclár agus na measúnuithe leis an gComhchreat Tagartha Eorpach um Theangacha (CEFR). D'fhreastail 60 rannpháirtí ar an meán ar gach imeacht agus tá imeachtaí feabhsuithe breise beartaithe do 2024.

Eisíodh tairiscint i mí Dheireadh Fómhair 2023 chun sainchomhairleoirí Mhúineadh an Bhéarla a earcú chun measúnú a dhéanamh ar iarratais ó sholáthraithe Mhúineadh an Bhéarla ar an Marc Oideachais Idirnáisiúnta.

## CÁS-STAIDÉAR (I)
## ATHFHORBAIRT AR QUALIFAX



### Príomhthosaíocht do QQI is ea eolas soiléir, cruinn agus cuimsitheach a sholáthar d'fhoghlaimeoirí agus measadh go mbeadh suíomh Gréasáin Qualifax nuashonraithe, nua-aimseartha, ina phríomhuirlis chun an tosaíocht seo a sheachadadh go héifeachtach

Bhí athfhorbairt shuíomh Gréasáin Qualifax bunaithe go mór ar athbhreithniú straitéiseach ar an suíomh a rinne comhairleoirí seachtracha in 2021 agus tar éis comhairliúcháin leathan ar fud na hearnála. Áiríodh leis an gcomhairliúchán seo idirghníomhú agus aiseolas le hInstitiúid na nGairmcomhairleoirí, an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas, Careers Portal, Grad Ireland agus SOLAS. Chuathas i gcomhairle le raon treoirchomhairleoirí ar fud an oideachais scoile agus aosaigh, chomh maith le raon leathan foghlaimeoirí a rinne ionadaíocht thar ceann lucht fágála na scoile, foghlaimeoirí breisoideachais agus daoine fásta.

Scrúdaíodh san athbhreithniú na hathruithe ar thírdhreach an oideachais agus na hoiliúna le fiche bliain ó seoladh Qualifax agus leagadh béim ar an méadú as cuimse ar ardáin faisnéise chomhchosúla mar CareersPortal, GradIreland agus FetchCourses. Leagadh béim freisin ar na forbairtí suntasacha teicneolaíochta, ar an bhfás easpónantúil ar fhoghlaimeoirí agus ar dheiseanna foghlama agus ar na hathruithe ar dhéimeagrafaic dhaonra na hÉireann. Aithníodh san athbhreithniú, áfach, gurb iad gnéithe uathúla díolacháin Qualifax an soláthar faisnéise atá neamhchlaonta, neamh-earnálach, neamhthráchtála, cuimsitheach agus cruinn agus atá á sholáthar ag gníomhaireacht stáit. Sainmhínigh an t-athbhreithniú lucht féachana Qualifax in dhá chatagóir ar leith mar fhoghlaimeoirí agus iad siúd a chuidíonn le foghlaimeoirí lena n-áirítear tuismitheoirí, treoirchomhairleoirí agus gairmithe treorach aosach. Aontaíodh go raibh gá le Qualifax a bheith ina acmhainn aonair a bheadh feiliúnach don dá ghrúpa. Shainigh an t-athbhreithniú seo Qualifax mar uirlis faisnéise agus ní mar thacaíocht agus tháinig sé ar an gconclúid go gcaithfidh an treoleanúint a bheith dírithe ar fhaisnéis. Aontaíodh go raibh an uirlis mheasúnaithe tar éis bogadh ó fhaisnéis a sholáthar go tacaíocht agus treoir a

sholáthar agus nach raibh sé ag teacht le fócas níos cúinge molta Qualifax. Aschur a comhaontaíodh ón athbhreithniú seo ná Qualifax a athbhunú mar an bunachar sonraí is fearr inchuardaithe de dheiseanna foghlama in Éirinn.

Ar leithligh ón athbhreithniú straitéiseach seo agus i bhfad roimh thionscadal athfhorbartha Qualifax, d'aithin grúpa inmheánach slándála TF imní faoi shlándáil agus faoi chobhsaíocht an bhonneagair TF atá mar bhonn agus taca ag Qualifax. Ag an bpointe seo, baineadh an tsaoráid cuntais úsáideora phearsanta, rud a laghdaigh an baol go mbeadh rochtain neamhúdaraithe ar shonraí pearsanta chomh maith le comhlíonadh GDPR a chinntiú.

Bhí tionchar mór ag torthaí an athbhreithnithe straitéisigh ar athfhorbairt Qualifax a thosaigh in 2022 agus a críochnaíodh in 2023. Ba é príomhchuspóir na hathfhorbartha tairseach Qualifax nua a bhunú, lena n-áirítear uasghrádú iomlán ar bhonneagar TF, le gnéithe fócasaithe a oibreoidh go héifeachtach d'fhoghlaimeoirí agus d'úsáideoirí faisnéise faoi chúrsaí atá ar fáil in Éirinn. Ceapadh cuideachta neamhspleách le dul i gceannas ar athfhorbairt Qualifax agus thacaigh sainghrúpa stiúrtha inmheánach d'fhoireann QQI léi. Bhí an grúpa seo i gceannas ar scóipeáil na gceanglas teicniúil ina ndearnadh anailís ar shonraí úsáideoirí reatha, ar aschuir an athbhreithnithe straitéisigh agus ar shaineolas inmheánach. Forbraíodh láithreán fréamhshamhla i mBealtaine 2023 agus lorgaíodh aiseolas ó phríomhpháirtithe leasmhara i mí na Bealtaine agus i mí Lúnasa chun an láithreán a fheabhsú. I mí na Bealtaine 2023, fuarthas aiseolas ó Institiúid na dTreoirchomhairleoirí (IGC), trí Bhord Oideachais agus Oiliúna, Cumann Ollscoileanna Éireann, an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus roinnt treoirchomhairleoirí aonair ar fud na scoile. agus treoir do dhaoine fásta. Iarradh ar aiseolas breise i mí Lúnasa 2023 agus fuarthas freagraí ón IGC, CareersPortal, Seirbhísí Faisnéise Óige Crosscare, treoirchomhairleoirí aonair ar fud na scoile agus treoir aosach, foghlaimeoirí aonair agus ionadaithe ón iar-Ionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas. Thug raon leathan d'fhoireann ar fud QQI faoi chóras láidir, dian tástála inmheánach.

Thug an athfhorbairt tús áite do choinneáil agus d'fheabhsú na bhfeidhmeanna móréilimh reatha lena n-áirítear cuardach cúrsa, comparáid idir cúrsaí, uirlis riachtanas ábhar agus féilire imeachtaí. Is féidir le húsáideoirí suas le trí chúrsa a chur i gcomparáid ag an am agus tá siad in ann an chomparáid seo a roinnt trí ríomhphost nó trí ardáin áirithe meán sóisialta. Is féidir leo cuardaigh cúrsa a shábháil agus a phriontáil chomh maith i gcás suas le 250 cúrsa ag baint úsáid as an rogha comhaid CSV a íoslódáil. Nascleanúint iomasach atá ar fáil ar an láithreán, ag teacht le forbairtí nua-aimseartha agus is furasta d'fhoghlaimeoirí é a úsáid.  Tá suíomh Qualifax cairdiúil d'fhóin phóca anois agus is féidir é a úsáid ar raon leathan gléasanna.

Seoladh an láithreán Gréasáin nua i Meán Fómhair 2023 agus fuarthas aiseolas dearfach ar an iomlán. D'fhreastail foireann Qualifax ar Higher Options Dublin agus Higher Options Cork i mí Mheán Fómhair agus i mí Dheireadh Fómhair 2023 faoi seach agus bhuail siad le líon ard foghlaimeoirí agus treoirchomhairleoirí agus thug siad taispeántas de láithreán nua Qualifax, ag fáil go leor aiseolais dhearfach. Roinneadh torthaí suirbhé a rinne an IGC le QQI i mí na Samhna 2023, a breithníodh go hinmheánach. Mar chuid de chur in iúl an láithreáin nua, forbraíodh treoir chuimsitheach d'úsáideoirí agus físeán gearr a thaispeánann feidhmiúlacht an láithreáin chun tacú le húsáideoirí tuilleadh. Leanann QQI le beachtú agus nuashonrú an láithreáin nua Gréasáin Qualifax i gcomhréir leis na tosaíochtaí a aithníodh mar chuid den athbhreithniú straitéiseach in 2021.

Go déanach in 2023, cuireadh Qualifax ar an ngearrliosta do Láithreán Gréasáin Oideachais na Bliana, as na feabhsúcháin shuntasacha a rinneadh air, do ghradaim Digital Business Ireland.

# Tosaíocht 3 #forbairt – forbairt soláthraithe a thiomáint agus a spreagadh

Tacóimid le hacmhainn chun cláir sholúbtha agus nuálacha a fhorbairt agus chun dearbhú cáilíochta láidir a bhaint amach sna boird oideachais agus oiliúna

### Nósanna imeachta agus critéir a fhorbairt chun freagracht as fo-phróisis bailíochtaithe a chineachadh chuig boird oideachais agus oiliúna

Áirítear le comhphlean oibre a forbraíodh in 2023 do QQI agus Boird Oideachais agus Oiliúna nósanna imeachta agus critéir a fhorbairt chun freagracht a chineachadh chuig boird oideachais agus oiliúna. Cuirfear tús leis an bplean oibre seo in 2024.

### Cláir nua chomhroinnte bord oideachais agus oiliúna a bhailíochtú do (mhórdhámhachtainí an Chomhchórais Dámhachtainí (CAS)

Le linn 2023 d'oibrigh QQI leis na boird oideachais agus oiliúna chun plean oibre a aontú le haghaidh 2024, lena n-áirítear sceideal le haghaidh athbhailíochtú do 12 chlár tosaíochta as a dtiocfaidh mórdhámhachtainí CAS.

### Tús a chur le hathbhreithniú ar chaighdeáin CAS atá ann faoi láthair agus na caighdeáin leathana i 2 réimse foghlama ar a laghad ag leibhéil 5 & 6 den CNC a fhorbairt

In 2023 d'fhoilsigh QQI conas atá sé ar intinn aige Comhchóras traidisiúnta na nDámhachtainí a athchóiriú. Déanfar an chéad athbhreithniú sceidealta ar chaighdeáin dámhachtana CAS sa réimse cúram sláinte agus tá sé beartaithe tosú go luath in 2024.

### Monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i gcur i bhfeidhm thorthaí na dtuarascálacha athbhreithnithe laistigh de na boird oideachais agus oiliúna

### Obair Leantach ar an Athbhreithniú Tionscnaimh ar Dhearbhú Cáilíochtaí i 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna na hÉireann

Tháinig an t-athbhreithniú tionscnaimh ar QA i ngach ceann de na 16 bhord oideachais agus oiliúna chun críche i mBealtaine 2022, le cuairt deiridh ó shainfhoireann athbhreithnithe ar bhord oideachais agus oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath. In 2023, ceanglaíodh ar na boird oideachais agus oiliúna pleananna gníomhaíochta agus tuarascálacha leantacha a chur isteach mar chuid den phróiseas athbhreithnithe tionscnaimh, ag díriú ar thorthaí agus ar mholtaí na foirne athbhreithnithe seachtraigh. Chuir na BOOanna riachtanacha iad seo i gcrích le linn 2023 agus foilsíodh na pleananna gníomhaíochta seo, mar fhreagra ar mholtaí na dtuarascálacha ó 2022, ar shuíomh gréasáin QQI.

### Cruinnithe Comhphlé Cáilíochta (QDManna)

Reáchtáladh QDManna le 15 de na 16 bhord oideachais agus oiliúna le linn 2023. Chuir na QDManna deis ar fáil le haghaidh nuashonruithe straitéiseacha frithpháirteacha, plé ar raon ábhar agus gníomhaíochtaí feabhsaithe um dhearbhú cáilíochta, agus le haghaidh nuashonruithe ar dhul chun cinn ar an tuarascáil leantach a d'eascair as an athbhreithniú tionscnaimh ar dhearbhú cáilíochta sna boird oideachais agus oiliúna. Tá an QDM deiridh leis an mbord oideachais agus oiliúna deiridh sceidealta le tarlú i R1, 2024.

### Tuarascáil earnála a fhoilsiú ar an bpróiseas athbhreithnithe tionscnaimh ar na 16 bhord oideachais agus oiliúna

Tá tuarascálacha leantacha ina sonraítear dul chun cinn sna boird oideachais agus oiliúna mar aon le pleananna gníomhaíochta agus feabhsuithe um dhearbhú cáilíochta le cur isteach ag gach bord oideachais agus oiliúna 12 mhí tar éis fhoilsiú a thuarascáil athbhreithnithe. Tugann an tuarascáil leantach deis do na Boird Oideachais agus Oiliúna freisin cás-staidéir a chur isteach ina leagtar béim

## CÁS-STAIDÉAR

### SEOLADH NA TUARASCÁLA EARNÁLA AR DC SNA BOIRD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA

Sheol QQI a thuarascáil earnála ar dhearbhú cáilíochta sa bhreisoideachas agus oiliúint in earnáil na mbord oideachais agus oiliúna ar 29 Márta 2023. Ag an imeacht, arna chomhóstáil le Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath, chuaigh comhghleacaithe ó gach cearn d'earnáil na mbord oideachais agus oiliúna i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara náisiúnta i gColáiste Breisoideachais Chill Easra le linn mhaidin de láithreoireachtaí, dearcthaí agus plé ar an gcéad athbhreithniú agus a thorthaí. I measc na gclár sin bhí:

- Forbhreathnú ar thorthaí na tuarascála earnála ag comhchathaoirligh fhoireann na tuarascála earnála.
- Dearcadh na bhfoghlaimeoirí BOO ar an bpróiseas athbhreithnithe.
- Dearcadh na mbord oideachais agus oiliúna ar an bpróiseas athbhreithnithe.
- Plé painéil ar na príomhthorthaí le foireann na tuarascála earnála agus le hionadaithe ó gach cearn den earnáil.

Tá an tuarascáil earnála foilsithe ar shuíomh gréasáin QQI.

ar dhea-chleachtas. In 2023, chuir 13 bhord oideachais agus oiliúna a dtuarascálacha leantacha isteach agus bhí na tuarascálacha ón ó thrí bhord oideachais agus oiliúna eile dlite i R1, 2024. Tá na tuarascálacha ar fad foilsithe ar láithreán gréasáin QQI.

Léiríonn na tuarascálacha leantacha le cás-staidéir an dea-chleachtas agus na dúshláin araon i raon topaicí DC ar fud na hearnála. Déanfar anailís théamach ar na tuarascálacha i R2, 2024.

### Athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais chun dámhachtainí a dhéanamh agus caighdeáin a chinneadh

Tá an t-athbhreithniú seo mar chuid d'athbhreithniú níos leithne ar shraith iomlán beartais dámhachtana QQI agus tá sé beartaithe go leanfaidh comhleanúnachas agus ailíniú níos fearr do bheartais chomhlántacha dámhachtana QQI an cur chuige comhtháite seo. Cuireadh tús leis an obair ullmhúcháin air seo in 2023 agus tá sé beartaithe tús a chur leis an athbhreithniú ag tús 2024.

### Beartas agus Critéir Bailíochtaithe a Athbhreithniú

Cuireadh tús le hobair ar an ngníomhaíocht seo in 2023 agus tá sé beartaithe go ndéanfar athbhreithniú agus nuashonrú ar gach beartas a bhaineann le stiúrthóireacht Dhámhachtainí QQI ar bhealach comhtháite.

Déanfaimid measúnú ar éifeachtacht agus leabú an dearbhaithe cáilíochta sna hollscoileanna teicneolaíochta nua atá ag athrú i gcónaí trínár n-athbhreithnithe cáilíochta institiúideacha

### Nósanna imeachta QA Ollscoileanna Teicneolaíochta (TUnna) nua a cheadú tar éis a mbunaithe in 2021/22 TU na Sionainne (TUS), TU an Atlantaigh (ATU), TU an Oirdheiscirt TU (SETU)

D'fhaomh Coiste Feidhmiúcháin na gClár agus na nDámhachtainí (PAEC) nósanna imeachta QA TU na Sionainne (TUS), TU an Oirdheiscirt (SETU) agus TU an Atlantaigh (ATU) an 13 Iúil 2023.

### Athbhreithniú ar éifeachtúlacht QA na TUnna bunaithe trí Athbhreithniú CINNTE

Cuireadh síneadh le timthriall athbhreithnithe CINNTE go ceann 12 mhí eile chun gur féidir na hollscoileanna teicneolaíochta nuabhunaithe uile a athbhreithniú[1].

1 Tá Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan (MTU), Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne (TUS), Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (SETU) agus Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (ATU) sceidealta le haghaidh athbhreithniú institiúideach in 2024. Chríochnaigh Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath a athbhreithniú in 2022 agus foilsíodh an tuarascáil.

Nuashonraíodh an lámhleabhar d'ollscoileanna teicneolaíochta agus tá sonraí na n-athbhreithnithe seo, lena n-áirítear comhdhéanamh na bhfoirne athbhreithnithe saineolaithe agus na príomhdhátaí, le fáil ar shuíomh Gréasáin QQI i Leabharlann Léirmheasanna QQI.

## Monatóireacht agus athbhreithniú ardoideachais

Leanadh le timthriall athbhreithnithe CINNTE in 2023 d'institiúidí ardoideachais eile a rialaítear go poiblí agus díol suntais ab ea an filleadh ar chuairteanna ar an láthair tar éis shrianta Covid-19. Cé gur coinníodh cur chuige níos inbhuanaithe i leith athbhreithniú seachtrach le faisnéisiú na bhfoirne athbhreithnithe agus cuairteanna pleanála a reáchtáladh in institiúidí ardoideachais trí MS Teams, tá an chuairt ar an láthair ina cuid lárnach de na hathbhreithnithe seo arís.

Ba é Coláiste na hOllscoile, Corcaigh an chéad institiúid ardoideachais inar tionóladh an phríomhchuairt athbhreithnithe ar an láthair i Márta 2023. Ina dhiaidh sin rinneadh athbhreithnithe ar an láthair san Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta, Dún Laoghaire i mí na Bealtaine agus san Ollscoil Leighis agus Eolaíochtaí Sláinte RCSI i mí Dheireadh Fómhair. Gheofar socruithe na n-athbhreithnithe CINNTE seo, lena n-áirítear sonraí na sainfhoirne athbhreithnithe, príomhdhátaí agus tuarascálacha foilsithe na n-athbhreithnithe ar láithreán Gréasáin QQI i Leabharlann Athbhreithnithe QQI.

Laistigh den fhráma ama sínte do thimthriall athbhreithnithe reatha CINNTE, áireofar freisin na ceithre institiúid ardoideachais neamhspleácha/ phríobháideacha is mó, i.e. Scoil Ghnó Bhaile Átha Cliath (DBS), Coláiste Uí Ghríofa (GCD), Coláiste Hibernia agus Coláiste Náisiúnta na hÉireann (NCI) le haghaidh athbhreithniú institiúideach. Tá tús áite tugtha do na hinstitiúidí ardoideachais lánaoise agus seanbhunaithe seo ar an mbonn go bhfuil a dearbhú cáilíochta ceadaithe le tamall anuas tar éis dóibh dul i dteagmháil arís le QQI. Comhtháthaíodh iad i gcreat monatóireachta QQI, agus chuir siad in iúl go bhfuil sé ar intinn acu tarmligean údaráis (DA) a lorg chun dámhachtainí a dhéanamh nuair a bheidh an creat rialála seo ar fáil. Foilsíodh téarmaí tagartha, agus lámhleabhar athbhreithnithe d'institiúidí ardoideachais neamhspleácha/príobháideacha agus sceideal le haghaidh na n-athbhreithnithe ar shuíomh Gréasáin QQI i mí na Samhna 2023..

Tá an Sceideal athbhreithnithe CINNTE 2024/25 iomlán ar fáil ar shuíomh gréasáin QQI.

## Athbhreithniú Institiúideach ar Ollscoil na hÉireann (OÉ)

Tugadh an t-athbhreithniú institiúideach tionscnaimh ar Ollscoil na hÉireann chun críche in 2023. Chríochnaigh foireann neamhspleách saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta athbhreithniú cuimsitheach ar éifeachtúlacht chóras DC na hollscoile, agus aithníodh cásanna dea-chleachtais a bhfuil tionchar acu i gcoláistí aitheanta agus soláthraithe nasctha na hinstitiúide, agus rinne siad moltaí ar réimsí le haghaidh feabhsúcháin sna blianta atá le teacht. Tugadh faoin gcuairt láithreáin i mí an Mhárta 2023, agus foilsíodh an tuarascáil athbhreithnithe deiridh i mí na Samhna 2023. Chuir OÉ an Plean Forfheidhmithe Institiúideach isteach i mí na Nollag 2023 agus leanfaidh sí ag tuairisciú ar a chur chun feidhme mar chuid den timthriall monatóireachta bliantúil.

## Léirmheas Fócasaithe

In 2023, d'fhoilsigh QQI athbhreithniú neamhspleách ar ghníomhaíochtaí a bhain le Scoil Ghnó Bhaile Átha Cliath a bheith tar éis roinnt clár Cúraim Shóisialaigh Fheidhmigh a tharraingt siar ó phróiseas faofa agus clárúcháin clár CORU. Ba e seo an chéad uair ar tionscnaíodh athbhreithniú fócasaithe chun nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta soláthraí a bhreithniú[2]. San iomlán, fuarthas sa tuarascáil go raibh bunús an dearbhaithe cáilíochta in DBS urrúnta agus rinneadh roinnt moltaí chun maoirsiú acadúil san institiúid a thacú agus a neartú.

Éascóimid uathriail agus solúbthacht mhéadaithe do sholáthraithe aibí trína chur ar a gcumas údarás tarmligthe a lorg chun a ndámhachtainí féin a dhéanamh

2 Tá an bonn reachtúil d'athbhreithnithe fócasaithe leagtha amach in Alt 34(1)(b) den Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012.

### Leanúint ar aghaidh le dul chun cinn an bheartais um údarás tarmligthe do sholáthraithe príobháideacha lena n-áirítear forbairt téarmaí tagartha agus lámhleabhar don timthriall athbhreithnithe ar institiúidí príobháideacha ardoideachais.

### Comhairliúchán poiblí a thabhairt chun críche agus na téarmaí tagartha, nósanna imeachta agus critéir a thabhairt chun críche.

### An sceideal athbhreithnithe a bhunú

Tá QQI ag obair i gcónaí chun creat a fhorbairt chun údarás tarmligthe a chur i bhfeidhm agus tá cur chuige dhá chéim á ghlacadh aige ag tosú le hathbhreithniú institiúideach CINNTE, sula nglacfar le hiarratais ar údarás tarmligthe.

Éilíonn an próiseas d'údarás tarmligthe ionstraim reachtúil a shonraíonn rialacháin an Aire maidir leis na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh ag institiúidí a fhéachann le húdarás tarmligthe a fháil. Críochnaíodh na coinníollacha seo agus cuireadh faoi bhráid DFHERIS iad lena mbreithniú agus táthar ag fanacht ar fhaomhadh an Aire.

Tá sonraí maidir le hathbhreithniú institiúideach CINNTE agus na hinstitiúidí ardoideachais neamhspleácha/príobháideacha a dtabharfar tús áite dóibh le haghaidh athbhreithnithe san áireamh thuas.

Spreagfaimid ollscoileanna uathrialacha chun a léiriú cé chomh héifeachtach atá a gcuid monatóireachta agus na feabhsuithe a dhéanann siad ar chaighdeán eispéireas an fhoghlaimeora i dtaighde agus i rannpháirtíocht phobail

### An tionscadal ar athnuachan an Chreata Náisiúnta um Oideachas Dochtúireachta a thabhairt chun críche leis an ÚAO agus an Fóram Comhairleach

### Fóram Comhairleach an Chreata Náisiúnta um Oideachas Dochtúireachta (NFDE).

In 2023, choimisiúnaigh QQI, a gcomhchathaoirleach, an ÚAO, agus baill Fhóram Comhairleach an NFDE athnuachan ar an gCreat Náisiúnta um Oideachas Dochtúireachta. D'aontaigh comhaltaí an Fhóraim agus na comhchathaoirligh go raibh sé seo tráthúil i bhfianaise na n-athruithe ar an tírdhreach oideachais dochtúireachta ó 2015 agus an obair atá á cur chun cinn ag na grúpaí oibre chun moltaí ó staidéar 2021 EUA Solutions a chur i bhfeidhm; An Creat Náisiúnta um Oideachas Dochtúireachta in Éirinn:The National Framework for Doctoral Education in Ireland: Tuarascáil ar a chur i bhfeidhm ag institiúidí ardoideachais na hÉireann. I mí Iúil 2023, foilsíodh an Creat Náisiúnta athnuaite d'Oideachas Dochtúireachta, tar éis comhairliúchán earnála faoi stiúir an Ollaimh Emerita Eithne Guilfoyle, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Sheol an tAire Simon Harris, T.D. an creat athnuaite ag ócáid Research Futures an ÚAO, inar díríodh ar chumas taighde agus oideachas dochtúireachta in Éirinn.

Ag an imeacht, seoladh www.myphd.ie freisin. Leagann an micrealáithreán seo, atá á fhorbairt, á óstáil agus á chothabháil ag QQI, béim ar luach PhD do mhic léinn, d'fhostóirí agus do ghníomhaireachtaí rialtais. Déanann MyPhD.ie óstáil ar an NFDE athnuaite agus áirítear ann liosta d'fhoilseacháin náisiúnta ábhartha, lena n-áirítear Creat Dea-Chleachtais na hÉireann do Chláir Chéimeanna Taighde agus na Treoirlínte Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta do Sholáthraithe Clár Céime Taighde.

I measc ghrúpai oibre Fhóram Comhairleach an NFDE bhí:

- an Grúpa Oibre um Próifíl Gairme,
- an Grúpa Oibre um Rianú Gairme,
- an Grúpa Oibre um Rannpháirtíocht Mac Léinn Iarchéime.

### Tuairisciú Bliantúil ar Cháilíocht (AQR)

In 2023, d'fhoilsigh QQI tuarascálacha cáilíochta bliantúla (AQRanna) a chlúdaigh an tréimhse tuairiscithe 2021-22. Don tréimhse seo, lean

gach institiúid ardoideachais a rialaítear go poiblí ag cur AQRanna isteach lena n-áirítear trí ollscoil teicneolaíochta a chuir AQR isteach den chéad uair. I gcás institiúidí ardoideachais neamhspleácha/príobháideacha, chiallaigh méid agus éagsúlacht na n-institiúidí, chomh maith leis na pleananna chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat monatóireachta reatha, nár iarradh ach ar na hinstitiúidí sin a raibh sé i gceist acu údarás tarmligthe a lorg tuarascáil a chur isteach don tréimhse tuairiscithe seo. San iomlán, fuarthas AQRanna ó 16 institiúid ardoideachais a rialaítear go poiblí agus sé institiúid ardoideachais neamhspleácha/phríobháideacha (a bhfuil sé beartaithe ag ceithre cinn acu údarás tarmligthe a lorg agus dhá AQR a cuireadh isteach go deonach). Foilsítear gach AQR ar shuíomh Gréasáin QQI.

LeQQI de bheith ag táirgeadh tuarascálacha sintéise ar na AQRanna mar chuid dá Insights Series. Aithníonn sintéis na cáilíochta san ardoideachas príomhthéamaí sna AQRanna i ngníomhaíochtaí forbartha agus feabhsaithe cáilíochta arna dtuairisciú ag na hinstitiúidí. Aibhsíonn agus scaipeann na tuarascálacha sintéise dea-chleachtas agus sainaithnítear príomhréimsí fócais iontu don earnáil ardoideachais le linn na tréimhse tuairiscithe ainmnithe.

Foilsíodh sintéis AQRanna 2022 go luath in 2023 agus, cosúil le foilseacháin roimhe seo, áiríodh leis tuarascálacha ar leith do na hinstitiúidí ardoideachais neamhspleácha/príobháideacha a rialaítear go poiblí. I gcodarsnacht leis sin, foilsíodh sintéis AQRanna 2023 i dtuarascáil amháin chun léiriú a thabhairt ar an earnáil ardoideachais i gcoitinne agus an líon beag tuarascálacha ó institiúidí ardoideachais neamhspleácha/príobháideacha a chur san áireamh. Gheofar na tuarascálacha sintéise sin ar láithreán gréasáin QQI.

LeQQI de bheith ag déanamh forbairtí agus breisiú ar bhunachar sonraí na gcás-staidéar a baineadh as na AQRanna i gcás na n-institiúidí ardoideachais phoiblí agus neamhspleácha/príobháideacha. Soláthraíonn an acmhainn seo fianaise shaibhir ar dhearbhú cáilíochta i mbun gnímh agus is acmhainn mhórluachmhar dearbhaithe cáilíochta é le dea-chleachtas agus tionscnaimh dea-chleachtais. Tá an bunachar sonraí ar fáil ar láithreán gréasáin QQI.


Cé go bhfuil pleananna chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat faireacháin fós ar bun, cuireadh meastóireacht neamhspleách ar an tsamhail tuairiscithe cáilíochta bhliantúil i gcrích in 2023. Tá torthaí na meastóireachta seo ar shuíomh gréasáin QQI agus tá cás-staidéar (Meastóireacht neamhspleách ar shamhail tuairiscithe cáilíochta bhliantúil QQI) a leagann amach an próiseas, curtha i láthair sa tuarascáil seo.

D'fhonn torthaí earnála na meastóireachta AQR a roinnt ar bhealach níos leithne, piarfhoghlaim a éascú don fhoireann ardoideachais agus réimsí dea-chleachtais a thaispeáint i ndearbhú cáilíochta agus cleachtais fheabhsaithe ar fud na hearnála Ardoideachais, d'óstáil QQI The 'Quality in HE: Sectoral Findings and Enhancements Showcase', i mí Dheireadh Fómhair 2023 chun na príomh-gheallsealbhóirí a thabhairt le chéile. Bhí an-tóir ar an imeacht tionscnaimh seo ag geallsealbhóirí na hearnála treasaí agus tá imeacht den sórt céanna beartaithe do 2024.

## Cruinnithe Dialóige Cáilíochta

Mar chuid dá fheidhm mhonatóireachta, seolann QQI cruinnithe comhphlé cáilíochta le hinstitiúidí ardoideachais. In 2023, reáchtáladh cruinnithe leis na hollscoileanna teicneolaíochta agus le hInstitiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan. Tugann na cruinnithe comhphlé cáilíochta deis do QQI agus do na hinstitiúidí plé a dhéanamh ar thionchar agus ar éifeachtúlacht forbairtí agus feabhsuithe dearbhaithe cáilíochta laistigh de chóras cáilíochta inmheánach na n-institiúidí le linn thréimhse na tuarascála. I measc na n-ábhar a d'eascair le plé ag na cruinnithe bhí pleanáil le haghaidh athbhreithniú CINNTE, an comhoibriú idir na hearnálacha TU agus BOO agus seachadadh na gclár treasach, agus ábhair a d'eascair as na AQRanna.

## CÁS-STAIDÉAR (II)
COMHTHÉACS THUAIRISCIÚ BLIANTÚIL AR CHÁILÍOCHT



Is ionann an AQR agus sraith lárnach socruithe monatóireachta agus tuairiscithe dearbhaithe cáilíochta QQI d'institiúidí ardoideachais. Cuireann gach institiúid ardoideachais tuarascáil faoi bhráid QQI ar bhonn bliantúil ina soláthraítear an fhaisnéis seo a leanas maidir leis an tréimhse tuairiscithe ábhartha (i.e. an bhliain acadúil roimhe sin):

**Cuid A:** taifead ar bheartais agus nósanna imeachta reatha na hinstitiúide maidir le DC;

**Cuid B:** na gníomhaíochtaí DC, na forbairtí agus na feabhsúcháin a rinneadh le linn na tréimhse tuairiscithe agus a dtionchar, chomh maith le gníomhaíochtaí feabhsaithe cáilíochta atá beartaithe do na tréimhsí tuairiscithe ina dhiaidh sin.

### Samplaí de dhea-chleachtas i ndearbhú agus feabhsú cáilíochta

Tá tuairisciú cáilíochta bliantúil bunaithe go maith san earnáil ardoideachais phoiblí agus tá anailísí téamacha déanta ag QQI ar na AQRanna a fuarthas ón earnáil seo le sé bliana anuas. In 2021 a cuireadh tús le tuairisciú cáilíochta bliantúil do roinnt institiúidí ardoideachais neamhspleácha/príobháideacha. Le dhá bhliain anuas, chomh maith leis an anailís théamach ar na AQRanna a chuir institiúidí ardoideachais poiblí isteach, tugadh faoi anailís théamach ar leith ar na AQRanna a chuir na hinstitiúidí ardoideachais neamhspleácha/príobháideacha isteach.

In 2023, tugadh isteach roinnt nuálaíochtaí maidir leis an tslí a ndéantar an anailís théamach ar na AQRanna a tháirgeadh agus a scaipeadh.

### Leagan amach:

Aon tuarascáil amháin a táirgeadh maidir le 2023, (Quality in Irish Higher Education Institutions) ina gcoimeádtar na hanailísí ar leithligh ag leibhéal na fo-earnála ach ina gcuirtear anailís ar leibhéal córais ar fáil chomh maith. Cumasaíonn sé seo comhsheasmhacht níos fearr sa chur chuige i leith anailísí ar fud na bhfo-earnálacha (agus suntas á thabhairt do na difríochtaí eatarthu i gcónaí), is fearr is féidir comparáid tras-earnála a dhéanamh agus

cuireann sé sraith treochtaí agus forbairtí ar leibhéal córais ar fáil chomh maith.

### Scaipeadh:

Is éard a bhí i gceist le scaipeadh na n-anailísí go dtí seo ná cóipeanna de na hanailísí a sholáthar d'Institiúidí ardoideachais agus foilsiú ar shuíomh gréasáin QQI, agus aibhsíodh na príomhthorthaí do bhonn geallsealbhóirí níos leithne trí bhealaí cumarsáide inmheánacha agus seachtracha, míreanna nuachta ar an suíomh Gréasáin, agus na meáin shóisialta. De bhreis ar na cainéil seo, cuireadh torthaí anailís 2023 i láthair ag imeacht i láthair go pearsanta, 'Quality in HE: Sectoral Findings & Enhancement Showcase', a thug deis d'ionadaithe institiúideacha, leis, cás-staidéir maidir le tionscnaimh breisithe cáilíochta a chur i láthair.

Tionscnaíodh an fhorbairt seo mar fhreagairt ar mholadh a rinneadh san Independent Evaluation of the QQI Annual Quality Reporting Model, arna fhoilsiú i mBealtaine 2023. Aithníodh sa mheastóireacht, cé gur thuairiscigh dhá thrian de na hinstitiúidí ardoideachais poiblí agus 79% de na hinstitiúidí ardoideachais neamhspleácha/príobháideacha a ghlac páirt sa mheastóireacht gur pointe tagartha éifeachtach agus úsáideach iad na tuarascálacha anailíse téamacha dóibh, bhí fonn i measc páirtithe leasmhara "don AQR agus tuarascálacha anailíse téamacha a bheith nasctha le, nó arna leanúint le, himeachtaí ar fud na hearnála, i láthair go pearsanta dírithe ar fheabhsú agus ar chomhroinnt an dea-chleachtais". Bhí aiseolas ó gheallsealbhóirí ar imeacht 2023 an-dearfach agus beidh sé mar bhonn eolais do dhearadh agus do sheachadadh imeachtaí scaipthe amach anseo.

# **Tosaíocht 4 #léargas** – anailís agus léargas údarásach a fhoilsiú

Déanfaimid anailís agus cuirfimid léargais ar fáil ar shonraí agus ar threochtaí dámhachtainí QQI chun soláthraithe, lucht déanta beartas, gníomhaireachtaí maoinithe agus straitéisí rialtais a chur ar an eolas.

## Clár oibre trí bliana taighde agus nuálaíochta QQI a fhorbairt agus a fhoilsiú

### Anailís ar Shonraí Deimhnithe QQI don bhliain 2023

I mí Feabhra 2023, d'fhoilsigh QQI a Anailís Bhliantúil ar Dhamhachtainí QQI. Soláthraíonn an anailís seo, a foilsíodh go bliantúil ó 2018, faisnéis ar dhámhachtainí QQI a bronnadh in 2022 de réir leibhéal an Chreata, aicme dámhachtana, réimse foghlama, cineál an tsoláthraí agus próifíl foghlaimeora do sholáthraithe BOO agus AO. Tugtar faoi deara sna torthaí gur tháinig méadú in 2022 ar líon iomlán na ndámhachtainí QQI a rinneadh sa BOO agus san AO in 2020 agus 2021. Léiríonn na torthaí seo téarnamh páirteach ó thionchair na paindéime COVID-19 ar mhéideanna dámhachtainí. Nuair a rinneadh anailís orthu de réir aicme dámhachtana, bhí treocht anuas le sonrú i gcónaí ar líon na mórdhámhachtainí QQI in BOO ó 2014, agus i gcomparáid leis sin, tháinig méadú ar líon na miondámhachtainí BOO, dámhachtainí forlíontacha agus sainchuspóra ó 2020 agus 2021. Mhéadaigh líon na ndámhachtainí QQI HE do gach aicme dámhachtana seachas miondámhachtainí.

### Ó bhreisoideachas agus oiliúint go hardoideachas: feidhmíocht iarrthóirí CAO a bhfuil dámhachtainí QQI BOO acu

Soláthraítear san anailís seo, a chuirtear i láthair trí phainéal idirghníomhach, sonraí agus treochtaí maidir le cóhort ar leith d'fhoghlaimeoirí BOO QQI a bhain mórdhámhachtain Leibhéal 5 nó 6 amach ar ócáid amháin agus a rinne iarratas ar an bPríomhoifig Iarratais sa bhliain acadúil chéanna. Fuarthas san anailís a rinneadh ar shonraí ó 2018-2022:

- Tháinig méadú 10% ó 2021 ar líon na bhfoghlaimeoirí sa chohórt seo in 2022.
- Tháinig laghdú 5 phointe céatadáin ar na meánphointí CAO a thuill na foghlaimeoirí seo in 2022 ó 2021.
- In 2022, thuill 37% de na foghlaimeoirí seo na huasphointí CAO ab fhéidir faoin scéim Naisc Ardoideachais (390 pointe), laghdú 29% ar 2021. Is dócha go mbaineann an céatadán níos airde de ghráid níos airde a chonacthas in 2020 agus in 2021 le tosca a bhaineann le heispéireas COVID-19.
- Ghnóthaigh duine as gach ceathrar dámhachtain QQI CNC Leibhéal 5 i Staidéar Altranais.

### Sonraí ar mhicridhintiúir HE in Éirinn 2014 – 2023

I Samhain 2023, foilsíodh anailís sonraí ar mhicri-dhintiúir san ardoideachas ar láithreán gréasáin QQI. Áirítear anseo sonraí ar chlár a chuir institiúidí ardoideachais phríobháideacha/neamhspleácha ar fáil as ar lean dámhachtainí QQI; sonraí ar Chlár Cáilíochtaí na hÉireann; agus sonraí ar na micridhintiúir atá ar fáil ó institiúidí de chuid Chumann Ollscoile na hÉireann tríd an tairseach MicroCreds.ie. Cuireadh an anailís seo i láthair ag comhdháil QQI '20 Years of the NFQ' (20 Bliain den CNC) ar 17 Samhain.

Déanfaimid meastóireacht ar eispéireas na cianfhoghlama agus na foghlama cumaiscthe agus tabharfaimid treoir maidir le measúnú barántúil d'eispéireas agus toradh feabhsaithe d'fhoghlaimeoirí

### Treoirlínte reachtúla DC a fhoilsiú do chláir chumaisc agus ar líne

I mí Dheireadh Fómhair 2023, d'fhoilsigh QQI treoirlínte um dhearbhú cáilíochta do sholáthróirí

a bhfuil sé beartaithe acu cláir chumaisc nó cláir iomlána ar líne a thairiscint cheana féin. Tá an-tóir ag foghlaimeoirí agus soláthraithe araon ar na cineálacha clár seo a tháinig chun bheith an-choitianta, de riachtanas, le linn na tréimhse COVID-19 agus is cinnte go bhfuil an norm tar éis athrú sa treo seo. Mar sin tá sé ríthábhachtach go dtabharfar treoir do sholáthróirí maidir le conas na cláir seo a dhearadh, a acmhainní a sholáthar, iad a sheachadadh agus a mheasúnú ar bhealach atá dearbhaithe ó thaobh cáilíochta. Sin é cuspóir threoirlínte nua QQI.

Tar éis cleachtadh tairisceana, d'fhostaigh QQI saineolas na hInstitiúide Náisiúnta um Fhoghlaim Dhigiteach (NIDL) in DCU, chun na treoirlínte a dhréachtú. Tá saineolas náisiúnta agus idirnáisiúnta aitheanta ag an Ollamh Mark Brown agus comhghleacaithe sa NIDL sa réimse seo. Ag tarraingt ar dhea-chleachtas domhanda agus tar éis comhairliúcháin fhairsing le soláthraithe, forais cháiliúcháin ainmnithe agus geallsealbhóirí náisiúnta eile, chuir NIDL dréacht-ábhar i láthair QQI i samhradh 2023. Tar éis comhairliúchán inmheánach eile agus próisis rialachais, d'fhaomh Coiste Beartas agus Caighdeán QQI na treoirlínte deiridh agus foilsíodh iad i nDeireadh Fómhair 2023.

Cé go mbaineann na treoirlínte le gach soláthraí a thairgeann dámhachtainí CNC, ní mór do sholáthraithe a thairgeann dámhachtainí QQI a nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta do chláir chumaisc agus/nó do chláir atá ar fáil go hiomlán ar líne a bheith faofa ag QQI. Leanfaidh an tsraith ar aghaidh in 2024.

## Bainfimid leas as ár líonraí suntasacha idirnáisiúnta piarghníomhaireachtaí chun leanúint ar aghaidh ag cur leis an mbeartas náisiúnta agus ag imirt tionchair air

### Oibriú le gníomhaireachtaí, líonraí agus coistí idirnáisiúnta chun athbhreithniú a dhéanamh ar Mheabhráin Tuisceana (MTanna) atá ag dul in éag agus iad a athnuachan de réir mar is cuí

Déanann QQI cumarsáid agus comhpháirtíocht le gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta ar fud an oideachais threasaigh, faoi na téarmaí a comhaontaíodh sna MTanna. I measc na MTanna idirnáisiúnta a ndearnadh athnuachan orthu in 2023 tá cinn le hÚdarás Cáilíochtaí na Nua-Shéalainne (NZQA) agus Cumann Oideachais na Síne um Malartú Idirnáisiúnta (CEAIE). Foilsítear comhaontuithe ar shuíomh Gréasáin QQI.

## Foilseoimid anailísí ar leibhéal an chórais agus déanfaimid óstáil ar imeachtaí feabhsúcháin lena n-áirítear cruinniú mullaigh bliantúil le príomhpháirtithe leasmhara ar phríomhthéama straitéiseach a chuimsíonn cáilíocht agus cáilíochtaí.

### Imeachtaí Bliantúla a Óstáil: Comhdháil Cáilíochta & Cáilíochtaí (Comóradh 20 Bliain den CNC), - (féach an tuarascáil faoi Thosaíocht Straitéiseach 1), Imeachtaí Téamacha (Measúnú), Comhthionól Ginearálta ENQA (25-27 Deireadh Fómhair 2023)

### (Labhraímis Faoi Mheasúnú: An Measúnú san Ardoideachas a Athshamhlú

Ar 30 Eanáir, d'óstáil QQI mór-chomhdháil ar mheasúnú i bPáirc an Chrócaigh, agus cláraíodh breis agus 300 toscaire chun freastal thar ceann institiúidí ardoideachais poiblí agus príobháideacha; comhlachtaí gairmiúla, reachtúla agus rialála; comhlachtaí ionadaíocha; agus páirtithe leasmhara eile. Chuala toscairí peirspictíochtaí ó mhic léinn agus ó shaineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta ar thoisí tráthúla den mheasúnú d'fhonn machnamh agus nuálaíocht a spreagadh i gcleachtas measúnaithe. Tá taifeadtaí, léirithe agus póstaeir ón gcomhdháil ar fáil; Let's talk about assessment 2023: rethinking assessment in higher education.

## Máistir-Rang agus Sraith Imeachtaí An Measúnú a Athshamhlú

Mar chuid den chlár An Measúnú a Athshamhlú de chuid QQI, seoladh Máistir-rang agus Sraith Imeachtaí a raibh sé mar aidhm aici saineolas agus nuálaíocht a chothú i gcleachtas measúnaithe ar fud na hearnála oideachais tríú leibhéal. In 2023, d'óstáil QQI dhá sheimineár gréasáin máistir-ranga:

- Thug an tOllamh Phillip Dawson, Comhstiúrthóir an Ionaid um Thaighde i Measúnú agus Foghlaim Dhigiteach (CRADLE) in Ollscoil Deakin san Astráil '**Rethinking Assessment Feedback**' i mí an Mheithimh agus dhírigh sé ar na hacmhainní a theastaíonn le haghaidh aiseolas éifeachtach sa mheasúnú.
- Ba é an ceannródaí agus saineolaí measúnaithe béil idirghníomhach, Danielle Logan-Fleming ó Ollscoil Uí Ghríofa, san Astráil, a thug '**Interactive Oral Assessment** (Measúnú Idirghníomhach ó Bhéal)' i mí na Samhna.

## Comhthionól Ginearálta an Chomhlachais Eorpaigh um Dhearbhú Cáilíochta san Ardoideachas (ENQA)

Ba é QQI a d'óstáil Comhthionól Ginearálta ENQA ó 25-27 Deireadh Fómhair. Thug comhaltaí ENQA agus cleamhnaithe ó níos mó ná 80 eagraíocht ar fud 40 tír cuairt ar Bhaile Átha Cliath le haghaidh clár ilghnéitheach imeachtaí inarb é an tAire Simon Harris, an Dr Padraig Walsh, POF, QQI, agus Douglas Blackstock, Uachtarán ENQA a thug na hóráidí tosaigh. Dhírigh an clár ar théama an aitheantais, agus fiosraíodh na forbairtí beartais agus na cuir chuige is déanaí chun naisc inláimhsithe a chinntiú idir dearbhú cáilíochta agus aitheantas. Tá na léirithe ón imeacht ar fáil ar shuíomh gréasáin ENQA: 2023 ENQA General Assembly.

## Ceardlann QQI d'Earnáil an Ardoideachais Teicneolaíochta

D'óstáil QQI ceardlann i mí an Mhárta ar son earnáil an ardoideachais teicneolaíochta. Thug an t-imeacht deis don lucht tinrimh ó TUnna agus ó institiúidí teicneolaíochta machnamh a dhéanamh ar go leor athruithe ar an earnáil ardoideachais teicneolaíochta sna blianta roimhe sin. Chlúdaigh láithreoirí agus painéalaithe, a bhformhór ón earnáil teicneolaíochta, raon leathan ábhar ar an gclár fairsing lena n-áirítear:

- Machnamh ar phróiseas athbhreithnithe CINNTE – ullmhú don athbhreithniú agus dea-thorthaí doláimhsithe an athbhreithnithe.
- Samhlacha den rialachas acadúil laistigh de na hinstitiúidí teicneolaíochta ardoideachais.
- Rannpháirtíocht agus comhoibriú idir na hearnálacha ardoideachais teicneolaíochta agus BOO.

## An Measúnú a Athshamhlú: Scéim dheontais i gcabhair don mheasúnú - tionscadail á gcríochnú ag daoine ar bronnadh deontais orthu

## Measúnú agus Muinín as Ard-Oideachas Cáilíochtaí atá san áireamh sa CNC – Taighde Maoinithe Comóradh QQI

Ag an gcomhdháil "Let's Talk About Assessment", d'fhógair QQI toradh a ghlao ar thograí chun móiminteam a chothú i scoláireacht mheasúnaithe agus/nó i bhforbairt ghairmiúil. Tar éis próiseas meastóireachta, bronnadh €374k san iomlán ar ocht dtionscadal taighde in institiúidí ardoideachais. Baineann na tionscadail taighde le gnéithe éagsúla den mheasúnú, lena n-áirítear: úsáid na teicneolaíochta chun measúnú a fheabhsú; barántúlacht sa mheasúnú; piar-athbhreithniú seachtrach ar mheasúnú; agus ionracas acadúil. Cuireadh tús leis na tionscadail taighde in 2023 agus táthar ag súil go dtabharfar chun críche iad in 2024.

## Maoirseacht Taighde: Siompóisiam Feabhais a Mhéadú

Rinne QQI agus an IUA comhurraíocht ar an gcéad siompóisiam ar Mhaoirseacht Taighde – Feabhas ag Fás, a d'óstáil UCD Déardaoin, 18 Bealtaine. Tionscnamh Déin Staidéir Iarchéime an IUA a bhí anseo agus an chéad imeacht uile-Éireann do mhaoirseoirí taighde, ag díriú ar dhúshláin agus réitigh chomhaimseartha i gcleachtas maoirseachta taighde. I measc na rannpháirtithe idirnáisiúnta bhí an tOllamh Stan Taylor, Ollscoil Durham, Sasana, a rinne cur i láthair ar ghairmiúlacht agus aitheantas maoirseoirí agus an tOllamh Bob Harris, Institiúid

Karolinska, an tSualainn, a phléigh ceannaireacht sa mhaoirseacht.

### An Measúnú a Athshamhlú): Athbhreithniú ar chleachtais rangaithe céime i gcomhar le DABanna

### Anailís ar éagsúlacht na n-aicmí céime baitsiléara onóracha 2012-2022

Tá QQI agus na forais cháiliúcháin eile ag comhoibriú ar anailís chun tuiscint a fháil ar na cúiseanna atá leis an éagsúlacht i bpróifíl aicmithe na gcéimeanna baitsiléara onóracha le deich mbliana anuas agus chun níos mó soiléire a sholáthar don phobal i gcoitinne agus do príomhpháirtithe leasmhara maidir le cuspóirí agus an bhrí le haicmiú céimeanna. Comhaontaíodh téarmaí tagartha an staidéir i mí Iúil 2023, lena n-áireofar cás-staidéir cláir a chríochnú agus sonraí ar chleachtais aicmithe ag institiúidí ardoideachais a sholáthar, agus ina dhiaidh sin déanfaidh QQI meitea-anailís ar shonraí cláir agus institiúideacha. Táthar ag súil le tuarascáil ar thorthaí na hanailíse seo in 2024.

### (An Measúnú a Athshamhlú: Tús a chur le próiseas chun bonneagar measúnaithe QQI a nuashonrú.

### Anailís Théamach ar Thuairisciú Bliantúil ar Cháilíocht

In 2023, d'fhoilsigh QQI trí cinn d'anailísí ar na tuarascálacha bliantúla cáilíochta (AQRanna) a cuireadh faoi bhráid QQI mar chuid dár gcreat rannpháirtíochta um dhearbhú cáilíochta le hinstitiúidí ardoideachais. Soláthraíonn an AQR faisnéis ar fheidhmiú chóras inmheánach dearbhaithe cáilíochta gach institiúid ardoideachais agus ar ghníomhaíochtaí dearbhaithe cáilíochta, forbairtí agus feabhsuithe. Iarrtar ar institiúidí ardoideachais, leis, cás-stáidéir de chleachtas éifeachtach a chur isteach.

Quality in Irish Public Higher Education Institutions and Quality in Irish Private and Independent Higher Education Institutions, a foilsíodh i mí na Bealtaine, soláthraíonn siad anailísí téamacha ar na AQRanna a chuir institiúidí isteach in 2022 i leith na bliana tuairiscithe 2020-21.

I nDeireadh Fómhair, d'fhoilsigh QQI Quality in Irish Higher Education Institutions, ina soláthraítear anailís théamach ar na AQRanna a cuireadh isteach in 2023 (maidir le bliain tuairiscithe 2021-22). Tugann an tuarascáil le chéile, don chéad uair, anailísí ar thuairisciú agus san earnáil phríobháideach/neamhspleách araon agus áirítear léi anailís ar leibhéal an chórais ar threochtaí earnála i ndearbhú agus i bhfeabhsú cáilíochta. I measc na dtorthaí ar leibhéal an chórais bhí:

- athrú suntasach béime amach ó thionchar eispéireas COVID-19
- tionchair na n-athruithe ar ainmniú institiúidí, ar stádas agus ar leibhéil neamhspleáchais ar fud na hearnála
- fócas idirnáisiúnta leanúnach
- ceannaireacht, uaillmhian agus tiomantas i réimsí an chomhionannais, na héagsúlachta agus an chuimsithe agus cur chun cinn Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA

### Treoirlínte DC ar Fhoghlaim Chomhtháite Oibre

Seoladh tionscadal i mBealtaine 2023 chun Treoirlínte don Fhoghlaim atá mar chuid den Obair a fhorbairt. Faigheann foireann inmheánach an tionscadail tacaíocht ó ghrúpa stiúrtha seachtrach ar a bhfuil baill a bhfuil saineolas acu i réimse na foghlama mar chuid den obair. Tá ionadaíocht ag na hearnálacha BOO agus AO, comhlachtaí gairmiúla, reachtúla agus rialála, tionscal agus ardoideachas idirnáisiúnta ar an ngrúpa stiúrtha seachtrach. Chuir an grúpa seo comhairle ar QQI maidir le hiarratas ar thairiscintí a fhorbairt agus tabharfaidh siad comhairle maidir le dréachtú na dtreoirlínte agus ar an gcomhairliúchán ina leith. Tá sé beartaithe leanúint ar aghaidh leis an obair sa tionscadal in 2024.

## QQI Insight on Assessment: Learner Perspectives

I Meán Fómhair, d'fhoilsigh QQI Insight report inar leagadh torthaí sheisiúin na bhfócasghrúpaí a seoladh in 2022 le foghlaimeoirí BOO agus AO maidir lena dtaithí agus a ndearcthaí ar an measúnú. Aithnítear ann 12 phríomhthoradh, ar léirigh go leor acu na rudaí a dhéanann buartha do dhaoine ar fud an oideachais threasaigh ach a raibh roinnt difríochtaí suntasacha idir eispéiris na bhfoghlaimeoirí BOO agus foghlaimeoirí AO. I measc na dtéamaí a tháinig chun cinn bhí measúnú ar obair ghrúpa; aiseolas measúnaithe; ionracas acadúil; measúnú ar fhoghlaim obair-bhunaithe; piarmheasúnú; agus cuimsiú.

Déanfaimid anailísí ar leibhéal an chórais ar thorthaí athbhreithnithe cáilíochta breisoideachais agus ar-doideachais chun cur le cur chuige nua agus nuálach maidir le dearbhú cáilíochta institiúideach a threorú

## Measúnú neamhspleách ar mhúnla tuairiscithe cáilíochta bhliantúil QQI

Mar chuid de thiomantas QQI d'fheabhas leanúnach ar ár bpróisis, choimisiúnaíomar meastóireacht neamhspleách ar a úsáidí atá an tsamhail AQR chun a cuspóir beartaithe a chomhlíonadh agus d'iarramar moltaí maidir le conas a d'fhéadfaí é a fheabhsú agus a bhreisiú. Measúnú neamhfhoirmiúil ab ea (a foilsíodh i mí an Mheithimh) agus bhí na príomhpháirtithe leasmhara san earnáil mar bhonn eolais leis, agus is dóigh leo ar fad go bhfuil fiúntas leis na AQRanna. Ar na moltaí tá an gá le:

- Soiléiriú agus comhaontú le príomhpháirtithe leasmhara náisiúnta maidir le cuspóir agus feidhm an AQR amach anseo i gcomhthéacs córas oideachais threasaigh comhtháite atá ag athrú.
- An próiseas agus an teimpléad a ailíniú leis an gcuspóir seo.
- Coigeartuithe ar riachtanais tuairiscithe.
- Cur chun cinn na AQRanna agus tuarascálacha anailíse téamacha, lena n-áirítear na meáin shóisialta agus imeachtaí pearsanta.

## Cáilíocht san ardoideachas: Torthaí Earnála & Taispeántas Feabhsúcháin

Ar 17 Deireadh Fómhair, d'óstáil QQI imeacht pearsanta chun torthaí na hanailíse téamaí ar AQRanna 2023 a leagan amach agus tugadh cuireadh d'ionadaithe institiúideacha ó na hearnálacha poiblí agus príobháideacha/ neamhspleácha ardoideachas rogha de chás-staidéir feabhsaithe cáilíochta a thaispeáint. Bhí cur i láthair ag an imeacht freisin ar mheastóireacht neamhspleách ar shamhail tuairiscithe cáilíochta bhliantúil QQI agus ar ábhair machnaimh ó QQI agus ó ionadaithe earnála ar na torthaí. Tá taifeadtaí agus léirithe ón imeacht ar fáil: Cáilíocht san ardoideachas: Earnála & Taispeántas Feabhsúcháin

## Dearbhú Cáilíochta san Ardoideachas – Cá bhfuil ár dtriall?

I gcomhthéacs fhorbairt thírdhreach an oideachais treasaigh agus an chríoch atá le teacht ar thimthriall athbhreithnithe CINNTE, choimisiúnaigh QQI plépháipéar chun smaoineamh ar thodhchaí chóras dearbhaithe cáilíochta na hÉireann a spreagadh. Dearbhú Cáilíochta san Ardoideachas – Cá bhfuil ár dtriall?, arna scríobh ag an Ollamh Paul Giller, Coláiste na hOllscoile Corcaigh (UCC), ina bhfaighfear dearcthaí ón litríocht agus ó dhaoine aonair a bhfuil taithí acu ar dhearbhú cáilíochta a oibriú laistigh de chomhthéacsanna Éireannacha agus idirnáisiúnta. Déanann sé iniúchadh ar choincheapa cáilíochta san ardoideachas agus ar na tiománaithe agus na páirtithe leasmhara éagsúla san éiceachóras um dhearbhú cáilíochta; na buntáistí agus na costais a bhaineann le dearbhú cáilíochta; cuir chuige éagsúla i leith dearbhú cáilíochta foirmiúil a oibriú; coincheapa nua maidir le dearbhú cáilíochta a oibriú; agus breithnithe maidir le forbairt agus éabhlóid an dearbhaithe cáilíochta amach anseo.

# **Príomhchumasóir #comhpháirtíocht** - comhpháirtíochtaí straitéiseacha a neartú chun athrú córais a chur i bhfeidhm

Déanfaimid ár ndícheall chun tionchar a imirt ar bheartas tríd an teagmháil atá againn leis an rialtas, le cisteoirí poiblí, le soláthraithe agus le páirtithe leasmhara eile

## Tacú le plé agus rannpháirtíocht straitéiseach trí Fhóram Cáilíochta agus Cáilíochtaí na hÉireann (IQQF)

Leis an IQQF, a bhunaigh QQI in 2022, is féidir plé ardleibhéil a dhéanamh ar shaincheisteanna cáilíochta agus cáilíochtaí ar leibhéal an chórais mar fhorbairt an CNC amach anseo agus an bonneagar um dhearbhú cáilíochta oideachais.

Tháinig grúpa na bhforas cáiliúcháin reachtúla (SABG), atá mar chuid den IQQF, le chéile trí huaire le linn 2023. Leanfaidh an grúpa seo ar aghaidh ag teacht le chéile agus leathnóidh an fóram chun ionadaithe ó chroí-thoghcheantair eile a áireamh de réir mar a bhreithníonn an fóram tosaíochtaí breise.

## Comhaontú reachtúil HEA/QQI (MOU) nua a fhoilsiú

I rith 2023, chuaigh QQI i dteagmháil leis an ÚAO chun comhaontú reachtúil nua ÚAO/QQI a ullmhú. Ar na réimsí a d'fhéadfaí a chur san áireamh, tar éis athruithe ar reachtaíocht an ÚAO tá ainmniú na n-institiúidí ardoideachais neamhspleácha príobháideacha agus rannpháirtíocht foghlaimeoirí. Tionóladh cruinnithe déthaobhacha i mí Feabhra agus Meán Fómhair 2023. Chuaigh an comhaontú reatha in éag i mí na Nollag 2023 agus foilseofar an comhaontú nua in 2024.

Cuideoimid le meicníochtaí a fhorbairt le haghaidh rannpháirtíocht éifeachtach foghlaimeoirí i gcáilíocht a gcuid oideachais agus oiliúna trínár gcuid oibre le comhlachtaí ionadaíocha foghlaimeoirí agus le comhlachtaí tacaíochta.

## An Clár Náisiúnta Teagmhála le Mic Léinn (NStEP)

Sa bhliain acadúil 2022-2023, sheachaid oiliúnóirí NStEP 82 seisiún oiliúna agus chríochnaigh 836 mac léinn modúil go pearsanta nó ar líne. Bronnadh 'Gradaim Aitheantais Rannpháirtíochta Mac Léinn' ar 24 mac léinn in 13 institiúid. Bhí an ócáid bhliantúil 'Train the Trainer' ar siúl i mí Lúnasa 2023 don bhliain acadúil 2023-24 agus ba é Coláiste na Teicneolaíochta Ríomhaireachta (CCT) Coláiste Bhaile Átha Cliath a d'óstáil.

Lean NStEP ag obair le QQI agus USI in 2023 chun mic léinn a earcú agus a oiliúint chun páirt a ghlacadh i bpainéil athbhreithnithe um dhearbhú cáilíochta chun cleachtais in institiúidí ardoideachais a mheas. Reáchtáladh an oiliúint bhliantúil d'athbhreithneoirí dearbhaithe cáilíochta na mac léinn i Meán Fómhair 2023 agus reáchtáladh í ar líne. Faoi láthair tá 58 athbhreithneoir dearbhaithe cáilíochta mac léinn laistigh den linn. I mí Iúil 2023, seoladh an Tionscadal um Rannpháirtíocht, Muintearas agus Folláine Mac Léinn. Is comhoibriú é an tionscadal seo idir NStEP agus Campas Sláintiúil an ÚAO agus áiríodh leis Comhordaitheoir Forbartha a cheapadh chun an tionscadal Rannpháirtíochta, Muintheartha agus Folláine Mac Léinn a threorú. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal acmhainní a chruthú chun tuiscint níos fearr a fháil ar rannpháirtíocht bharántúil mac léinn sa chinnteoireacht agus i gcomhpháirtíochtaí idir mic léinn agus baill foirne chun feabhas a chur ar Fholláine agus ar Mhuintearas agus na nithe sin a léirshamhlú.

Sheol NStEP an modúl ar líne 'Rialachas agus Ionadaíocht Mac Léinn' i mí Dheireadh Fómhair 2023. Scrúdaíonn an modúl gairid seo rialachas in ardoideachas na hÉireann, an tábhacht a

bhaineann le hionadaíocht bhríoch agus ballraíocht ghníomhach ó mhic léinn, agus cuimsíonn sé uirlisí agus acmhainní luachmhara chun tacú le hionadaithe na mac léinn a shuíonn ar choistí agus ar ghrúpaí oibre institiúideacha. Ar cheann de na hacmhainní breise sin tá an fhoireann uirlisí a théann leis, atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin NStEP (tá leagan clóite ar fáil ach é a iarraidh).

Reáchtáladh dhá imeacht Líonra Náisiúnta Rannpháirtíochta Mac Léinn in 2023, an chéad cheann i mí na Bealtaine in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Bhí an imeacht seo dírithe ar roinnt de na cás-staidéir a foilsíodh sa Mhol Cás-Staidéir a roinnt, le cloisteáil go díreach ó na húdair ar a dtionscnaimh nó a dtionscadail, ar an tslí a ndeachaigh siad chun cinn ó foilsíodh iad agus na chéad bhearta eile uathu.

Reáchtáladh an dara himeacht i mí na Samhna ag Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn (RCSI) Ollscoil an Leighis agus na nEolaíochtaí Sláinte. Dhírigh téama na hócáide ar mhuintearas agus ar fholláine trí lionsa rannpháirtíocht na mac léinn, le fócas ar leith ar an gcomhthionscadal idir NStEP agus Campas Sláintiúil an ÚAO

Tá NStEP ag comhoibriú le 25 institiúid chun comhpháirtíochtaí idir mic léinn agus baill foirne a fhiosrú agus a leabú tuilleadh agus chun deiseanna rannpháirtíochta mac léinn ar fud earnáil ardoideachais na hÉireann a mhéadú.

Fáiltíonn NStEP roimh spéis ó institiúidí ardoideachais eile ar mhaith leo a bheith páirteach sa chlár.

### Tacú le Fóram Náisiúnta Foghlaimeoirí BOO Aontas

LeQQI ar aghaidh ag aithint deiseanna chun oibriú le foghlaimeoirí. Mar chomhaltaí gníomhacha, ghlacamar páirt i roinnt tionscnamh náisiúnta, lena n-áirítear Grúpa Comhairleach Fhóram na bhFoghlaimeoirí BOO Náisiúnta faoi stiúir Aontas agus Grúpa Anailíse agus Tionchair The StudentSurvey.ie. Ina theannta sin, bhí ról tábhachtach againn maidir le hiarrachtaí an Chláir Náisiúnta Rannpháirtíochta Mac Léinn (NStEP) a threorú in éineacht lenár gcomhpháirtithe, an ÚAO agus Aontas na Mac Léinn in Éirinn (USI).

Rinne QQI urraíocht ar phainéil na moltóirí do Dhámhachtainí STAR Aontas 2023 (catagóir Guth an Fhoghlaimeora) agus ar Ghradaim Ghnóthachtála Mac Léinn Éireann 2023 (Ionadaí Acadúil na Bliana) de chuid USI agus ghlac sé páirt iontu.

D'oibrigh QQI go dlúth le comhghleacaithe in USI agus in NStEP ar an ngrúpa oibre Rannpháirtíocht na Mac Léinn Iarchéime, a thuairiscíonn d'Fhóram Comhairleach an Chreata Náisiúnta um Oideachas Dochtúireachta. I rith na bliana, rinne an grúpa oibre anailís théamach ar rannpháirtíocht na mac léinn taighde iarchéime reatha (PGR) go náisiúnta, le rannpháirtíocht ó 17 n-institiúid ar fud na tíre. Foilseofar tuarascáil an ghrúpa oibre in 2024.

## Méadóimid forbairt acmhainní sna boird oideachais agus oiliúna i gcomhpháirtíocht straitéiseach le húdaráis mhaoinithe, comhlachtaí ionadaíocha soláthraithe agus páirtithe leasmhara eile

### Páirt a ghlacadh i ngrúpaí stiúrtha Bhunathrú na Foghlama (straitéis FET) agus tacú le grúpaí oibre

Is é an Grúpa Stiúrtha um Chlaochlú na Foghlama (Feidhmiú na Straitéise BOO) an grúpa a bunaíodh chun cur i bhfeidhm Straitéis BOO 2020-24 a rianú. Tá ionadaíocht ar an ngrúpa stiúrtha ag DFHERIS, SOLAS, ETBI (arna ionadú ag comhaltas ó Ghrúpa Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna) agus QQI.

Tháinig an grúpa, a bhfuil Príomhfheidhmeannach SOLAS ina chathaoirleach air, le chéile den chéad uair i Meán Fómhair 2021 agus tá sé sceideалta teacht le chéile 4 huaire in aghaidh na bliana. In 2023, tháinig an grúpa le chéile an 25 Aibreán agus an 19 Meán Fómhair. Ag cruinniú Mheán Fómhair, fuair an grúpa stiúrtha cur i láthair ó BH & Associates a thug nuashonrú ar an athbhreithniú meántéarmach ar an straitéis BOO atá á dhéanamh acu thar ceann SOLAS. Tionóladh cruinniú deiridh na bliana ar 29 Samhain.

Déanann an Príomhfheidhmeannach, Padraig Walsh, agus Walter Balfe (Ceannasaí um Dhearbhú Cáilíochta, Stiúrthóireacht na nDámhachtainí) ionadaíocht ar son QQI agus faigheann an grúpa nuashonruithe ar dhul chun cinn na bpríomhthosaíochtaí straitéiseacha i straitéis BOO:

- Scileanna a Mhéadú,
- Cuimsiú a Chothú,
- Cosáin a Chruthú.

Tá ionadaíocht ag QQI freisin ar roinnt grúpaí oibre comhairleacha a bhunaigh an grúpa stiúrtha.

## Cuirfimid le forluí i gcleachtais meastóireachta clár a laghdú trí oibriú le comhlachtaí rialála gairmiúla agus reachtúla agus le hinstitiúidí ardoideachais

### Leanúint de rannpháirtíocht na gComhlachtaí Gairmiúla, Reachtúla agus Rialála (PSRB) agus an rannpháirtíocht sin a leathnú

### Leanúint d'fhormhuiniú na bPrionsabal um Chreidiúnú Gairmiúil a chur chun cinn

### Leanúint den obair le PSRBanna ar Teacht ar Chomhthuiscint imeachtaí ráithiúla/mol cumarsáide.

LeQQI dá chlár oibre Teacht ar Chomhthuiscint le comhlachtaí gairmiúla reachtúla agus rialála in 2023 le ceithre imeacht (trí imeacht phearsanta, agus ceann amháin ar líne). I measc na n-ábhar a pléadh bhí ionracas acadúil agus gairmiúil, rialú ceart-theagmhála, foghlaim atá comhtháite leis an obair (agus pleananna QQI le haghaidh treoirlínte reachtúla um dhearbhú cáilíochta sa réimse seo), agus beartas agus próiseas do LABanna.

Formhuiníodh freisin na Prionsabail um Chaidreamh Gairmiúil le soláthraithe oideachais i rith na bliana. Is é an aidhm leis na prionsabail sin róil agus freagrachtaí na ngníomhaithe uile a bhfuil baint acu le creidiúnú gairmiúil agus acadúil a shoiléiriú agus laghdú a dhéanamh ar an ualach riaracháin nach bhfuil gá leis a eascraíonn as dúbailt nó forluí idir próisis den sórt sin. Chuala rannpháirtithe in imeachtaí Teacht ar Chomhthuiscint láithreoireachtaí ó roinnt PSRB agus institiúidí ardoideachais atá ag gabháil do thionscadail phíolótacha atá dírithe ar na cuspóirí seo a chur chun cinn.

## Leanfaimid de thionchar a imirt ar dhea-chleachtas i ndearbhú cáilíochta agus cáilíochtaí agus de bheith ag cur leis trínár gcaidrimh straitéiseacha le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta san Eoraip agus ar fud an domhain a dhoimhniú.

### Grúpa Creataí Cáilíochta Cúig Thír

Tionóladh an Cruinniú Bliantúil de Ghrúpa Chreat Cáilíochtaí na gCúig Thír i bhfoirm phearsanta in Coventry Déardaoin, 19 agus Dé hAoine, 20 Eanáir 2023 agus ba é The Office of Qualifications and Examinations Regulation (Ofqual) a d'óstáil é. Ag an gcruinniú dhá lá tugadh le chéile údaráis cháilíochtaí, gníomhaireachtaí dearbhaithe cáilíochta agus oifigigh rialtais. Deis iontach a bhí sa chruinniú idirphlé agus malartú beartais a dhéanamh ar fud RA agus na hÉireann. Cuireann an grúpa ailíniú idir córais náisiúnta cáilíochtaí chun cinn, agus soláthraíonn sé faisnéis ar ár gcórais chomhcháilíochtaí laistigh den chomhlimistéar taistil chomh maith le nuashonrú bliantúil ar an treoirleabhar 'Qualifications Can Cross Boundaries'.

Ghlac QQI páirt i Meán Fómhair 2023 i gcruinniú foghrúpa den ghrúpa Cúig Thír maidir le cláir cháilíochtaí. Cuireadh an taithí ar Chlár Cáilíochtaí na hÉireann a fhorbairt agus a chothabháil chomh maith leis na pleananna le haghaidh forbartha amach anseo i láthair comhghleacaithe ó ghníomhaireachtaí eile.

## CÁS-STAIDÉAR (III)
COTHROM 20Ú BLIAIN AN CNC



Cheiliúir CNC na hÉireann cothrom 20 bliain ó bunaíodh é in 2023 agus chun an chloch mhíle shuntasach seo a cheiliúradh, d'óstáil QQI leath lá de ceardlanna réamhchomhdhála Déardaoin, 16 Samhain agus comhdháil lae Dé hAoine, 17 Samhain. Bhí tuairim is 76 rannpháirtí i láthair ag na ceardlanna réamhchomhdhála a chlúdaigh topaicí a bhain le cumarsáid agus cur chun cinn an CNC; rochtain ar CNC a oscailt d'Fhorais Cháiliúcháin Liostaithe (LABanna); agus plé le ceannairí sinsearacha ar fud an oideachais threasaigh faoi thodhchaí an CNC. D'fhreastail os cionn 200 duine, ionadaithe idirnáisiúnta ina measc, ar an gcomhdháil lae iomlán.

Ba í an tOllamh Irene Sheridan, Cathaoirleach Bhord QQI, a bhí i gceannas ar an bpríomh-chomhdháil. Osclaíodh an lá le réamheolas ón Dr Padraig Walsh, PF QQI, inar tugadh forbhreathnú ar fhorbairt an CNC agus ar thírdhreach na hearnála le 20 bliain anuas.

Ba é an Dr Grant Klinkum, CEO as Údarás Cáilíochtaí na Nua-Shéalainne (NZQA) a thug an príomhaitheasc. I measc na dtéamaí a scrúdaíodh sa phríomhaitheasc bhí tionchar claochlaitheach féideartha na gcreataí cáilíochtaí, ról na gcreat cáilíochtaí in aithint an eolais dhúchais, agus an gá le teagmháil níos doimhne le páirtithe leasmhara.

Scaip na daoine a bhí i láthair isteach ina seisiúin comhthreomhara inar tharla plé painéil, léirithe fócasaithe, agus cainteanna gearra ,inar pléadadh agus inar scrúdaíodh raon topaicí a bhaineann le cáilíochtaí leis an CNC. Chlúdaigh na seisiúin ról agus tionchar an CNC i gcomhthéacs an chreata cáilíochtaí domhanda; rochtain, aistriú agus dul chun cinn agus aitheantas ar réamhfhoghlaim; ról na hionracas acadúil i gcórais cháilíochtaí; micrea-dintiúir; agus an CNC a chomhtháthú le fostaíocht, pleanáil fórsa saothair agus gairmeacha.

Seoladh ag an imeacht seo, leis, tuarascáil arna coimisiúnú ag QQI 'From Counting to Cultivating Successful Participation. A Review of the Landscape of Practice Supporting Access Transfer and Progression in Irish Education and Training' ina n-athbhreithnítear an tírdhreach náisiúnta cleachtais trína dtacaítear le ATP.

Thug plé painéil ar thaithí an fhoghlaimeora ar an CNC deis dóibh siúd a bhí i láthair samplaí fíorsaoil, cumhachtacha d'eispéiris san oideachas agus idirghníomhú pearsanta leis an CNC a chloisteáil. Ar deireadh, sholáthair príomhpháirtithe leasmhara ó ar fud na hearnála, Seán Ó Foghlú Ollscoil Mhá Nuad, an Dr Tomás Mac Eochagáin, Coláiste Uí Ghríofa, Anne McHugh, Ollscoil Theicneolaíochta an Atlantaigh agus an tOllamh Billy Kelly, NAIN, a gcuid ábhar machnaimh agus léargais ar an CNC. Chuir gach duine acu béim ar a thábhachtaí atá sé ionracas an CNC a chosaint agus a chothabháil agus an gá atá le comhoibriú leanúnach, tiomantas agus comhoibriú lena chur i bhfeidhm leanúnach. Bhí an tuiscint ann gur gá an earnáil a ath-fhuinnmhiú chun fíor-thiomantas don CNC a chumasú.

Ina conclúidí, leag an tOllamh Irene Sheridan béim ar an ngá atá le breithniú an leanann an creat de bheith ag fónamh sa chomhthéacs athraithe, agus chuir sí le glaonna chun díriú ar a bheith ag féachaint romhainn. Mar aitheantas ar chomóradh 20 bliain an CNC, tá tuarascáil ardleibhéil á cur le chéile ag QQI chun forbhreathnú a sholáthar ar 20 bliain den CNC, ina ndíreofar ar éachtaí go dtí seo agus ar dheiseanna don todhchaí. Áireofar sa tuarascáil raon leathan peirspictíochtaí ó pháirtithe leasmhara maidir le tairbhí an CNC agus an ról atá aige i bhforbairtí an oideachais agus na hoiliúna le 20 bliain anuas. Cuimseoidh an tuarascáil seo peirspictíochtaí ó na ceardlanna agus ón gcomhdháil agus foilseofar í go luath in 2024.

# Príomhchumasóir 2 #sármhaitheas - feabhas a chur ar an eagraíocht

## Forbróimid agus cuirfimid deiseanna ar fáil dár ndaoine trí leanúint d'fhórsa saothair lúfar, gafa, freagrúil agus spreagtha a thógáil

### Mol Foghlama QQI

LeQQI lena shraith Mol Foghlama do chomhghleacaithe inmheánacha in 2023. Tá an tsraith seo á óstáil ag QQI dá fhoireann chun cabhrú linn níos mó a fhoghlaim faoi thionscnaimh agus faoi thionscadail inmheánacha agus sheachtracha.

In 2023, bhí lúcháir orainn ranníocaíochtaí náisiúnta a bheith againn ón ÚAO a roinn na torthaí ó Shuirbhé Torthaí Iarchéime an ÚAO - Rang 2021, agus SOLAS a labhair faoina gComhaontuithe Straitéiseacha Feidhmíochta leis na 16 bhord oideachais agus oiliúna agus a roinn príomh-bhuaicphointí óna dtuairisc bhliantúil 2022 ar dhul chun cinn. Chuir comhghleacaithe QQI nuashonrú ar ionracas acadúil agus ar an Líonra Domhanda um Ionracas Acadúil i láthair i rith na bliana. Fuarthas ábhar mar chuid den tsraith ón New Zealand Qualifications Authority (NZQA), a rinne cur i láthair ar a réimsí freagrachta.

### Clár folláine na foirne a fhorbairt agus a fheabhsú tuilleadh chun an Marc KeepWell agus ár seasamh mar chuideacha sa 100 is fearr le haghaidh folláine a choinneáil

Tá QQI fós san áireamh sna liostaí '100 Cuideachta is Fearr atá chun tosaigh i gcúrsaí folláine' agus mhéadaigh sé go suntasach a rátálacha thar gach catagóir d'athnuachan an Mhairc Keep Well in 2023. Is aitheantas é seo do thiomantas leanúnach QQI do leas ár bhfoirne.

### An clár ionduchtaithe do bhaill foirne nua a nuashonrú, go háirithe na comhpháirteanna cumaisc (ar líne) chun an t-eispéireas a fheabhsú

Tá QQI i gcónaí ag cur leis an bpróiseas ionduchtaithe dá fhostaithe nua. Caitheann AD le gach ball foirne nua ina n-aonar ó thaobh a gcuid riachtanas comhshamhlaithe lena n-áirítear dul i dtaithí ar an tréimhse phromhaidh, an cultúr agus nuálaíocht. Cuireann QQI oiliúint ghrúpa agus aonair ar fáil freisin do bhaill foirne nua thar thréimhse ama chun éifeachtúlacht na foghlama a uasmhéadú i.e. leathnaítear na seisiúin le himeacht ama ionas gur féidir le baill foirne nua an méid atá á fhoghlaim acu a chur i gcomhthéacs.

### An straitéis AD nua a chur i bhfeidhm chun tacú le seachadadh an Ráitis Straitéise 2022-24

Tá Straitéis Acmhainní Daonna QQI lárnach do gach tionscnamh AD i QQI agus is é an Bainisteoir Acmhainní Daonna a threoraíonn í. Is doiciméad comhoibríoch é seo a forbraíodh le tacaíocht ón bhFóram Rannpháirtíochta Foirne agus a ndéantar athbhreithniú rialta air agus a ndeachthas i gcomhairle maidir leis an bhfóram.

### Beartas QQI um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú Corparáideach a fhoilsiú agus plean forfheidhmithe a fhorbairt.

Le linn 2023, cuireadh Beartas Corparáideach QQI um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú i dtoll a chéile d'fhaomhadh ardbhainistíocht agus Bhord QQI. cuirfear chun feidhme é trí phlean gníomhaíochta tras-eagraíochta atá le cur i dtoll a chéile in 2024.

## Déanfaimid ionad oibre QQI a atheagrú trí TFC a úsáid le haghaidh obair chianda agus obair chumaisc agus inbhuanaitheacht a leabú inár bpróisis oibre

### An straitéis TFC a chur i bhfeidhm chun tacú le seachadadh an Ráitis Straitéise 2022-24

Rinne QQI a bheartas um oibriú cumaisc a phíolótú in 2023 agus d'fhaomh an bhainistíocht an beartas seo níos déanaí. De réir mar a leanaimid ag forbairt agus ag oiriúnú don timpeallacht oibre chumaisc, tá cothú an chomhoibrithe, na cruthaitheachta, na folláine agus na hinbhuanaitheachta ríthábhachtach chun go mbeidh rath orainn go leanúnach. Chuige sin, rinneamar athbhreithniú ar ár mbonneagar agus dearadh oifige, lena n-áirítear teicneolaíochtaí atá ann cheana féin agus cuireadh tús le tionscadail chun spásanna oifige a chruthú le teicneolaíochtaí nuálacha a chreidimid a chothóidh idirghníomhaíocht níos fearr i measc ár ndaoine agus idir QQI agus a pháirtithe leasmhara. Tá an obair athfheistithe leanúnach á déanamh agus dírítear go láidir ar inbhuanaitheacht agus luach ar airgead trí athearraíocht a bhaint as ábhair a bhí ann cheana. Tá feabhsuithe breise beartaithe do 2024.

### Cibearshlándáil a fheabhsú agus a neartú tuilleadh trí athbhreithniú slándála seachtrach agus an clár feasachta foirne a ghabhann leis

Chun QQI a fheabhsú agus a neartú tuilleadh chun cibearbhagairtí a sheasamh, rinne QQI IT seirbhísí tástála dul i bhfód rialta a sholáthar agus a phleanáil in 2023. Cuireadh tús leis seo i R3, 2023 agus mar chuid den phróiseas seo déanaimid measúnú rialta agus réamhghníomhach ar athléimneacht ár gcórais trí ionsaithe ón bhfíorshaol a ionsamhlú. Taifeadadh leochaileachtaí a aithníodh le linn tástála agus táthar ag dul i ngleic leo. Ar fheabhsúchán tapa agus ar fheabhsú leanúnach a dhírimid.

Críochnaíodh an t-athbhreithniú ar leagan amach ár nlonaid Oibríochtaí Slándála/Faisnéis Slándála agus Bainistíocht Imeachtaí (SIEM) in 2023. Táimid tar éis costais a scrúdú, roghanna a iniúchadh agus ár gcur chuige a mhionchoigeartú. Is é an sprioc atá ann fós ár mbonneagar slándála a bharrfheabhsú agus cost-éifeachtúlacht a chinntiú ag an am céanna. Tá leasuithe riachtanacha déanta againn chun ailíniú le dea-chleachtais sa tionscal agus le bagairtí atá ag teacht chun cinn. Seasann ár SOC/SIEM mar mheicníocht láidir cosanta, réidh chun teagmhais slándála a bhrath, a fhreagairt agus a mhaolú go héifeachtach. Leanadh ar aghaidh le hoiliúint feasachta foirne QQI agus ionsamhlúcháin fioscaireachta i rith 2023.

## Feabhsóimid ár seirbhís d'fhoghlaimeoirí trínár gcórais deimhniúcháin a athrú go foirm dhigiteach.

### Tús a chur le tionscadal chun seirbhísí deimhniúcháin a dhigitiú

In 2023, dhréachtaíomar páipéar beartais ar roghanna chun taifid mac léinn arna n-eisiúint faoi láthair ag QQI a dhigitiú. Faoi réir ceaduithe corparáideacha cuí, cuirfear tús le pleanáil le haghaidh cur chun feidhme teicniúil i lár 2024 agus cuimseoidh sí scóipeáil ar réitigh soláthair phoiblí.

## Déanfaimid ár luach dár ngeallsealbhóirí a uasmhéadú trí úsáid straitéiseach a bhaint as cumarsáid a bhfuil cuspóir leis agus tionchar aige

### Aiseolas ar shuirbhé geallsealbhóirí QQI a fhoilsiú

### Suirbhé ar Chomhpháirtíochtaí

In 2023, choimisiúnaigh QQI an dara suirbhé comhpháirtíochtaí dá chuid leis an taighde a rinne Opinions, a rinne suirbhé 2020. Scaipeadh an suirbhé ar líne ar liosta teagmhálaithe QQI agus rinne Opinions trí cinn déag d'agallaimh 45 nóiméad le roinnt ionadaithe ó na hearnálacha treasacha agus mhúineadh an Bhéarla.

Dhearbhaigh an t-aiseolas ceannlíne a fuarthas tríd an suirbhé agus in agallaimh le comhpháirtithe QQI ar fud an chórais go bhfuil siad sásta go ginearálta leis an obair a dhéanann QQI agus na feabhsuithe

atá á dhéanamh aige. Thuairiscigh 88% de na freagróirí go raibh siad sásta leis an obair atá á déanamh ag QQI, agus dúirt 84% go raibh QQI 'an-tábhachtach' i gcur i gcrích a róil ina n-eagraíochtaí. D'fhreagair 80% go raibh feidhmíocht QQI ó thaobh a mhisin go maith nó ar fheabhas.

Ba mhaith le QQI aitheantas a thabhairt don am agus don iarracht a rinne freagróirí suirbhé agus rannpháirtithe sna hagallaimh araon agus buíochas a ghabháil leo as a gcuid tuairimí a roinnt. Déanfaidh QQI a dhícheall réiteach a fháil ar aon dúshláin a thagann chun cinn agus tá sé ag tnúth le dul i mbun oibre le comhghleacaithe ar fud an chórais threasaigh ar mhaithe le comhpháirtíochtaí níos láidre agus feabhsuithe córais a thógáil i gcónaí.

Léireoimid dea-chleachtas maidir lenár rialachas feidhmiúil agus corparáideach de réir an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus ó thaobh cloí le hoibleagáidí ábhartha reachtaíochta agus rialála.

## Beartas QQI um Bainistíocht Taifead a fhoilsiú

Forbraíodh agus foilsíodh Beartas Bainistíochta Taifead QQI go hinmheánach i mí an Mhárta 2023 agus rinneadh athbhreithniú agus feabhsú air níos déanaí i mí Dheireadh Fómhair 2023. Tá an beartas á cur i bhfeidhm faoi láthair agus cuireann an beart creat ar fáil do chlár níos leithne de thionscadail chomhtháite dírithe ar fhaisnéis agus rialachas cáilíochta i QQI.

## Córas Bainistíochta Próisis Gnó QQI a athbhreithniú agus a bharrfheabhsú

Is tionscadal feabhsaithe ilbhliantúil é an tionscadal seo chun próisis reatha a athbhreithniú agus a fheabhsú agus chun próisis a bhaineann le feidhmeanna nua a bharrfheabhsú. Leanadh den obair in 2023 le forbairt ar dhearadh do theimpléad próisis nua agus don athbhreithniú, feabhsú agus comhdhlúthú ar phróisis atá ann cheana féin atá i gceist leis.

## Comhlíonadh an Chóid Chleachtais

Comhlíonann QQI an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016). Chríochnaigh QQI a thuairisceán comhlíonta bliantúil agus chuir sé faoi bhráid na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta le linn 2023 é.

Cloíonn QQI leis an gCód Caiteachais Phoiblí tri na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- beartas Ceannaigh agus Soláthair a bheith aige ina leagtar amach go soiléir ceanglais agus leibhéil údaráis na gceannaitheoirí,
- a chinntiú go dtacaíonn gach mír caiteachais neamhghnáthaimh le seachadadh phlean straitéiseach agus QQI,
- luach ar airgead a chinntiú do gach caiteachas,
- iniúchtaí a dhéanamh ar sholáthar agus ar cheannach chun a chinntiú go gcloítear leis an gcleachtas is fearr,
- baill foirne a spreagadh le bheith feasach ar chostas na seirbhísí chun caiteachas neamhriachtanach a sheachaint.

## Scóipeáil a dhéanamh ar thionscadal ar dheimhniú féinmheastóireachta ISSCoP le haghaidh sonraí a bhaineann le dámhachtainí QQI

D'iarr an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) go ndéanfadh QQI, mar ghníomhaireacht stáit a bhfuil baint aige le táirgeadh staitisticí, iarratas ar dheimhniú Chód Cleachtais Chóras Staidrimh na hÉireann (ISSCoP). Faoi láthair, tá príomh-aschuir staidrimh QQI bunaithe ar shonraí deimhnithe QQI. Tá an feidhmchlár dírithe ar chleachtais a bhaineann leis an tacar sonraí seo. Cuimsíonn próiseas deimhniúcháin ISSCoP gach cuid den phróiseas staidrimh, mar atá:

- Bailiú sonraí (arna bhainistiú go príomha ag an rannán um Chaighdeáin agus Deimhnithe Cáilíochtaí),

- Próiseáil sonraí (a bhainistítear go páirteach ag IT ó thaobh dearadh agus asbhaint tacar sonraí gnóthachtálacha foghlaimeoirí ó QBS),
- Anailís sonraí (arna bhainistiú ag an rannán Taighde agus Nuálaíochta),
- Aschur staidrimh a scaipeadh agus a chur chun cinn (arna bhainistiú ag an rannóg Taighde agus Nuálaíochta le tacaíocht ó TF agus Cumarsáid).

Tá an tionscadal seo á chomhordú ag an Rannán Taighde agus Nuálaíochta, ag obair i gcomhar leis na rannáin ábhartha.

Tá gealltanas suntasach ann, a bhfuil roinnt céimeanna i gceist leis:

1. Ullmhúchán.
2. Ceistneoir Féinmheasúnaithe (SAQ).
3. Scrúdú ar an SAQ ag grúpa athbhreithnithe sa Phríomh-Oifig Staidrimh.
4. Moltaí agus Aiseolas.
5. Cinneadh Deimhniúcháin.

Chomh maith lena chinntiú go gcomhlíonann próisis QQI chun staitisticí a tháirgeadh caighdeáin dea-chleachtais, beidh sé de bhuntáiste ag an tionscadal seo feabhas a chur ar shocruithe inmheánacha QQI maidir le hionchuir agus aschuir staidrimh.

Tá sé beartaithe an tionscadal a bheith críochnaithe faoin 3ú Ráithe, 2025.

## An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta

Tuairiscíonn QQI ar thorthaí chuig a rannóg líne, an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta trí Chomhaontú Seachadta Feidhmíochta (PDA), ceanglas faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Tá an PDA, a cheaptar agus a chomhaontaítear go bliantúil, nasctha le cuspóirí i bPlean Corparáideach QQI, a dhíorthaítear ó Ráiteas Straitéise QQI 2022-2024. Ceapadh freisin Comhaontú Maoirseachta trí bliana gaolmhar (ina gcumhdaítear an tréimhse 2021-2023). Buaileann QQI le hoifigigh na Roinne cúpla uair sa bhliain chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn faoi na comhaontuithe.

## Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar ár bhfeidhm iniúchta inmheánaigh chun tacú le seachadadh an timthriall iniúchta inmheánaigh faofa

### Feidhm iniúchta inmheánaigh

Plean Iniúchta Inmheánaigh 2022 - 2024

Tá plean iniúchta inmheánaigh rollach trí bliana 2022 - 2024 ag QQI, a ndéantar athbhreithniú bliantúil air. Déantar iniúchtaí inmheánacha ar phríomhfheidhmeanna corparáideacha agus gnó QQI ar bhonn timthriallach.

### Feidhm iniúchta sheachtraigh

Cuireadh don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste bualadh leis an gCoiste Iniúchta agus Riosca.

In 2023 eisíodh cuireadh don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ARC&C) i gcomhréir leis an gCód Cleachtais athbhreithnithe chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, Meán Fómhair 2016, trína molann sé go mbeadh plé ag an Údarás agus ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca leis na hiniúchóirí seachtracha uair sa bhliain ar a laghad chun a chinntiú nach bhfuil aon cheisteanna imní gan réiteach. D'fhreastail oifigeach ón gconraitheoir a d'fhostaigh an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar chruinniú ar líne den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca in 2023.

# Struchtúr Rialachais

## Bord QQI

Bord deichniúr comhaltaí, lena n-áirítear an Príomhfheidhmeannach, a rialaíonn QQI. An tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta a cheapann baill neamhfheidhmiúcháin an Bhoird. Ar chúraimí an bhoird tá ceadú na gcuntas airgeadais, beartas, ráitis straitéise, pleananna corparáideacha agus tuarascálacha bliantúla. Déanann an bord cinntí maidir le feidhmeanna éagsúla lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do:

- Ullmhú agus glacadh an ráitis straitéise,
- Pleanáil straitéiseach, pleanáil chorparaideach agus ceadú na gcuntas bliantúil.
- Ceadú na ráiteas airgeadais
- Ceadú gach beartais agus cur chuige i leith beartais
- Ceadú nósanna imeachta um dhearbhú cáilíochta a aistarraingt
- Bailíochtú cláir a aistarraingt
- Údarás a tharmligean do sholáthraí chun dámhachtainí a dhéanamh
- Údarás tarmligthe chun dámhachtainí a dhéanamh a aistarraingt nó a éagsúlú ??

Tá feidhmeanna aige, leis, i ndáil le cláir a bhailíochtú, comhdhámhachtainí, agus rochtain, aistriú agus forchéimniú. Tugann roinnt coistí faoi leibhéal an Bhoird cúnamh le rialachas acadúil agus le réimsí tábhachtacha eile rialachais, agus is comhaltaí den Bhord atá ar na coistí sin.

Thosaigh téarma thriú téarma QQI ar 3 Aibreán 2023 tar éis seisear Comhalta nua den Bhord agus cathaoirleach nua a bheith ceaptha.

## Ballraíocht:

- An tOllamh Irene Sheridan (Cathaoirleach) (ón 3 Aibreán 2023)
- An Dr Padraig Walsh (Príomhfheidhmeannach)
- An Dr Marianne Doyle (ón 3 Aibreán 2023)
- An Dr Sean Duignan (Gnáthchomhalta le taithí idirnáisiúnta maidir le feidhmeanna QQI) (ón 3 Aibreán 2023)
- An Dr Sharon Feeney (ón 3 Aibreán 2023)
- Mr. Blake Hodkinson (athcheaptha ón 6 Samhain 2022)
- Ms Clodagh McGivern (ainmniúchán USI) (chuig 30 Meitheamh 2023)
- Mr Kevin McStravock (ón 3 Aibreán 2023)
- Ms Anne Naughton (ón 3 Aibreán 2023)
- Ms Megan O'Connor (ainmniúchán USI) (ón 1 Iúil 2023)
- Ms Maria Ward (Gnáthchomhalta mar ionadaí na bhfoghlaimeoirí) (ón 3 Aibreán 2023)

### Taifead Tinrimh Chomhaltaí an Bhoird ag Cruinnithe de Bhord QQI in 2023

| | 22 Bealtaine 2023 | 19 Meitheamh | 3-17 Iúil (cruinniú neamh-chorpartha) | 22 Meán Fómhair | 4 Nollaig | Uasleibhéal | i láthair |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Irene Sheridan | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5 | 5 |
| Padraig Walsh | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5 | 5 |
| Marianne Doyle | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | 5 | 4 |
| Sean Duignan | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5 | 5 |
| Sharon Feeney | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5 | 5 |
| Blake Hodkinson | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | 5 | 4 |
| Clodagh McGivern* | | ✓ | - | - | - | 2 | 1 |
| Kevin McStravock | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5 | 5 |
| Anne Naughton | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5 | 5 |
| Bryan O'Mahony* | - | - | - | ✓ | ✓ | 2 | 2 |
| Maria Ward | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5 | 5 |

Le cois na gcúig Chruinniú Boird a luadh thuas, tionóladh dhá Cheardlann Boird ar Fhorbairt Straitéis ar an 22 Bealtaine agus 19 Meitheamh 2023.

* Ionadaí USI, téarma a oifige a ritheann ón 1 Iúil go dtí an 30 Meitheamh gach bliain.

## Cothromaíocht Inscne i gcomhaltacht Bhord QQI

Amhail an 31 Nollaig, bhí cúigear (50%) ball baineann agus cúigear ball fireann (50%) ar an mBord. Mar sin comhlíonann QQI sprioc an Rialtais ionadaíocht ar a laghad 40% de gach inscne a bheith i mballraíocht na mBord Stáit. Ba chóir a thabhairt faoi deara, áfach, go bhfreastalaíonn ainmní Aontas na Mac Léinn in Éirinn (USI) de ghnáth ar feadh téarma ballraíochta 1-2 bhliain agus mar sin go n-athraíonn sé níos minice ná comhaltaí eile an Údaráis.

Tá na bearta seo a leanas pleanáilte chun díriú ar an gcothromaíocht inscne ar Bhord QQI agus é a fheabhsú:

- Déanfar monatóireacht i gcónaí ar chothromaíocht inscne an Bhoird.

## Meastóireacht ar fheidhmíocht

Sular tháinig deireadh le téarma dara bord QQI, chinn an bord, in ionad a athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht a dhéanamh, cleachtadh a dhéanamh ar a shúil siar ar a théarma cúig bliana. Rinneadh é seo i R4, 2022. Ós rud é nár chuir an tríú Bord tús lena théarma go dtí mí Aibreáin 2023, déanfar an t-athbhreithniú seachtrach atá beartaithe ar éifeachtacht an bhoird QQI agus a choistí in 2024 chun am a thabhairt don Bhord nua é féin a bhunú.

## Rialachas Fo-bhoird

Soláthraíonn roinnt fo-choistí den bhord saineolas ar leith sa réimse acadúil agus i bpríomhréimsí eile d'oibríochtaí QQI:

## An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Is é cuspóir an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca struchtúr neamhspleách measúnaithe a sholáthar agus tacú leis an mBord maidir lena bhfreagrachtaí as fadbhanna riosca, rialaithe agus gnéithe den rialachas trí athbhreithniú a dhéanamh ar a chuimsithí atá na dearbhuithe ó thaobh riachtanais dearbhaithe an Bhoird agus an Oifigh Chuntasaíochta a chomhlíonadh agus athbhreithniú a dhéanamh ar a iontaofa agus a iomláine atá na dearbhuithe sin. Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca i 2023.

Nuashonraíodh Téarmaí Tagartha an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca i bhFeabhra 2023 agus d'fhaomh an Bord iad i mBealtaine 2023. Cuimsíonn freagrachtaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca mar atá leagtha amach ina Théarmaí Tagartha agus inter alia:

- Tuairisciú Airgeadais
- Rialú Inmheánach
- Bainistíocht Riosca
- Iniúchadh Inmheánach
- Iniúchadh Seachtrach
- Tuairisciú Eile.

## Ballraíocht agus tinreamh

Mar gheall ar mhéid Bhord QQI, tá ballraíocht an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca comhdhéanta de bheirt chomhaltaí boird (duine acu ina ina chathaoirleach ar an gcoiste) agus triúr comhaltaí seachtracha nach comhaltaí den Bhord iad (seachas triúr comhaltaí boird de réir mar a cheanglaítear leis an gCód Cleachtais).

| | |
|---|---|
| Blake Hodkinson (Cathaoirleach) | 4/4 |
| Kate Cullen (neamhchomhalta den Bhord) | 2/4 |
| Pearl Cunningham (neamhchomhalta den Bhord) | 3/4 |
| Marianne Doyle (comhalta den Bhord) | 1/1 |
| Walter Johnston (neamhchomhalta den Bhord) | 3/4 |

## An Coiste Feidhmiúcháin um Chláir agus Dámhachtainí (PAEC)

Is é feidhm an Coiste Maoirseachta um Chláir agus Dámhachtainí cinntí a dhéanamh maidir le bailíochtú clár as a leanann dámhachtainí QQI. Bunaítear cinntí agus moltaí an choiste ar shaineolas agus ar mholtaí seachtracha, a chuirtear ar fáil de ghnáth i bhfoirm thuarascálacha ó phainéil saineolaithe agus torthaí ar ghníomhaíochtaí monatóireachta agus athbhreithnithe a dhéanann QQI. Bhí sé chruinniú ag an PAEC in 2023.

### Ballraíocht agus tinreamh

| | |
|---|---|
| Pádraig Walsh (Cathaoirleach) | 6/6 |
| Órla Barry | 5/6 |
| Andrea Durnin | 6/6 |
| Mary Grennan | 6/6 |
| Barbara Kelly | 5/6 |
| Jim Murray | 6/6 |
| John O'Connor | 6/6 |

## An Coiste um Beartais agus Caighdeáin (PSC)

Is é misean an Choiste Beartas agus Caighdeán a shaineolas a úsáid chun dréachtbheartas QQI a bhreithniú agus moltaí a dhéanamh don Bhord QQI maidir le ceadú na mbeartas seo ar aon dul le straitéis na heagraíochta. Lena chois sin, breithníonn sé moltaí ón bhfeidhmeannacht chun caighdeáin eolais, scile agus inniúlachta a chinneadh le haghaidh dámhachtainí oideachais agus oiliúna nó chun treoirlínte ábhar maidir leis na leibhéil eolais, scile agus inniúlachta a mbeidh súil leo do dhámhachtainí ardoideachais, a fhormhuiniú, agus féadfaidh sé gníomhú orthu. Bhí ceithre chruinniú ag an CBC in 2023.

### Ballraíocht agus tinreamh

| | |
|---|---|
| Kevin McStravock (Cathaoirleach) | 2/2 |
| Achim Hopbach | 3/4 |
| Bryan Maguire | 3/4 |
| Hannah McGee | 4/4 |
| Jim Murray | 4/4 |
| Anne Naughton | 2/2 |
| Damien Owens | 3/4 |
| Alan Power | 3/3 |
| Cassy Taylor | 4/4 |

## An Coiste um Maoirseacht Clár agus Dámhachtainí (PAOC)

Déanann an Coiste um Maoirseacht Clár agus Dámhachtainí (PAOC) athbhreithniú agus anailís ar ghníomhaíocht áí an PAEC (thuas), ag soláthar comhairle agus ag déanamh moltaí ar a chinntí. Deimhneoidh sé cinntí de chuid an PAEC, nó cuirfear ar ais iad, faoi mar is gá. Bhí dhá chruinniú ag an gCoiste PAOC in 2023:

### Ballraíocht agus tinreamh

| | |
|---|---|
| Sharon Feeney (Cathaoirleach) | 1/1 |
| Billy Bennett | 1/2 |
| Cróna Gallagher | 1/1 |
| Mark Kane | 1/2 |
| Mary Meaney | 1/1 |
| Brendan O'Dea | 2/2 |
| Seán Rowland | 1/2 |
| Maria Ward | 1/1 |

## Coiste na gCeaduithe agus na nAthbhreithnithe (ARC)

Déanann an CCA cinntí agus moltaí maidir le ceadú nósanna imeachta um dhearbhú cáilíochta, an Marc Idirnáisiúnta Oideachais agus údarás tarmligthe agus ceadaíonn sé foilsiú torthaí ar athbhreithnithe cáilíochta a sheoltar faoi alt 42 den Acht. Bhí ceithre chruinniú ag an ARC in 2023.

### Ballraíocht agus tinreamh

| | |
|---|---|
| Sean Duignan<br>(Cathaoirleach ón 26 Meán Fómhair 2023) | 2/2 |
| Irene Sheridan (Cath go 17 Iúil 2022) | 2/2 |
| Fiona Farr | 3/4 |
| Laura Flynn | 2/4 |
| Carol Hanney | 4/4 |
| William Kelly | 3/4 |
| Clodagh McGivern | 1/2 |
| Anna Murphy | 4/4 |
| Ronan O'Loughlin | 4/4 |
| Bryan O'Mahony | 1/2 |
| Gerry O'Sullivan | 3/4 |
| Tony Pettit | 2/4 |

## An Coiste Acmhainní Daonna agus Eagair

Is é cuspóír an Choiste Acmhainní Daonna agus Eagair cuidiú agus comhairle a chur ar an mBord d'fhonn a rialachas agus maoirseacht féin sna réimsí acmhainní daonna agus feidhmíocht an phríomhfheidhmeannaigh a athneartú. Bhí cruinniú amháin ag an gCoiste Acmhainní Daonna agus Eagair in 2023.

## Ballraíocht agus tinreamh

| | |
|---|---|
| Irene Sheridan (Cath) | 1/1 |
| Sharon Feeney | 1/1 |
| Blake Hodkinson | 1/1 |

# Gnóthaí Corparáideacha

## Airgeadas

In 2023 fuair QQI €12.007* milliún idir Dheontas Stáit, ioncam ó tháillí, cistiú AE agus foinsí eile.

Ba é €13.056* mhilliún an caiteachas sa tréimhse chéanna. Chosain caiteachas pá agus pinsin € 6.433* milliún in 2023 (taobh amuigh de choigeartuithe FRS17).

## Íocaíochtaí le Comhaltaí an Bhoird

I gcáil dheonach, go huile agus go hiomlán, a ghníomhaíonn comhaltaí an Bhoird QQI agus níor íocadh aon táille le comhaltaí an bhoird in 2023. Ioctar costais cóiríochta, taistil, agus cothabhála de réir na rátaí atá socraithe ag an Roinn Airgeadais. Ba é €5,864* costais iomlána an bhoird in 2023.

## Tuarastail agus costais an Phríomhf-heidhmeannaigh

Fuair an Príomhfheidhmeannach €168,644 d'íocaíochtaí tuarastail in 2023. Níor íocadh aon phá bainteach le feidhmíocht sa tréimhse seo. Ní sháraíonn teidlíochtaí pinsin an Phríomhfheidhmeannaigh an teidlíocht chaighdeánach i scéim aoisliúntais sochair shainithe eiseamláireach na hearnála poiblí. Thabhaigh an Príomhfheidhmeannach €2,302* de chostais dheimhnithe in 2023.

* Baineadh na figiúirí seo as dréacht-Ráitis Airgeadais QQI don bhliain dar críoch Dé Domhnaigh 31 Nollaig 2023.

Foilsítear ráitis airgeadais iniúchta QQI ar láithreán gréasáin QQI - www.qqi.ie.

# Bainistíocht Riosca

LeQQI ag bainistiú riosca i gcomhréir le Beartas Bainistíochta Riosca Mheitheamh, a leasaíodh i Meitheamh 2022. Rinne an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin (EMT) leasú agus athbhreithniú ar an gclár riosca corparáideach ar bhonn ráithiúil. Tugadh isteach cláir riosca áitiúla ag leibhéal na stiúrthóireachta/an rannáin. Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus Bord QQI é a mheas agus a fhaomhadh ag eatraimh rialta. Tugadh aird ar leith ar an gcaillteanas cuimhne chorparáidí a d'fhéadfadh a bheith ann, acmhainní airgeadais leordhóthanacha, tabhairt isteach an Mharc Oideachais Idirnáisiúnta, cibearshlándáil, an t-aistriú chuig oibriú cumaisc agus bainistíocht taifead. Tugtar faoi deara gur cuireadh an treoirbheartas um oibriú cumaisc i bhfeidhm go rathúil in 2023 agus gur laghdaigh sé seo go mór dóchúlacht agus tionchar an riosca ghaolmhar d'éifeachtacht eagraíochtúil.

## Na Príomhrioscaí

Ag cruinniú Feabhra 2024, mheasúnaigh an tÚdarás na príomhrioscaí do QQI agus a maoluithe do 2023. Tá siad seo leagtha amach i dTábla 1 thíos.

**Tábla 1. Príomhrioscaí agus maoluithe QQI, 2023**

| Aicme | Cur síos ar an riosca agus maoluithe |
|---|---|
| 1 | **An riosca go gcaillfear cuimhne chorparáideach mar gheall ar leibhéil arda scoir foirne laistigh den dá bhliain atá romhainn (2023/24).** Maolaithe ag struchtúr bainistíochta níos cothroime, tabhairt isteach de réir a chéile na gclár forbartha bainistíochta, úsáid creata cumais le haghaidh earcaíochta d'fhonn cothromaíocht gráid agus tacair scileanna a bhaint amach, bunaithe ar riachtanais ghnó agus tosaíochtaí eagraíochtúla. |
| 2 | **Riosca maidir le hacmhainní airgeadais neamhleora chun cuspóirí an Ráitis Straitéise a bhaint amach mar gheall ar leibhéil dothuartha ioncaim ó sheirbhísí agus laghdú féideartha ar an bpríomhdheontas.** Maolaithe ag rialuithe buiséadacha, tuarascálacha míosúla agus athbhreithniú ar chuntais bhainistíochta, múnla maoinithe athbhreithnithe molta agus beartas coinneála cúlchistí le breithniú ag an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (DFHERIS) agus cainteanna leanúnacha le DFHERIS ar tháillí do sheirbhísí reatha QQI agus seirbhísí QQI amach anseo. |
| 3 | **An riosca go gcuirfear an córas TFC i mbaol mar gheall ar imeacht cibearshlándála.** Maolaithe ag rialuithe chun rochtain shlán ar acmhainní agus ar chórais QQI a chinntiú, ionad slándála neamhspleách seachtrach, athbhreithniú rialta ar theagmhais agus scanadh leochaileachta, cúltacaí rialta láidre, cur i bhfeidhm plean gníomhaíochta le haghaidh athléimneacht cibearshlándála agus obair ar athshlánú tar éis tubaiste. |
| 4 | **An riosca go gcuirfear córas éifeachtach bainistíochta taifead i bhfeidhm go neamh-chomhsheasmhach ar fud na heagraíochta mar gheall ar easpa tacaíochta foirne agus bainistíochta cuí.** Maolaithe ag clár oibre arna mhaoirsiú ag an Oifig Bainistíochta Clár, tús a bheith curtha le tionscnaimh bheartas bainistíochta taifead, próisis ghnó, agus córas aicmithe. |
| 5 | **An riosca go dtiocfaidh laghdú ar éifeachtacht eagraíochtúil mar thoradh ar an aistriú go hobair chumaisc de bharr deacrachtaí lóistíochta agus áiseanna neamhleor.** Maolaithe ag suirbhéanna foirne, críochnú oibreacha TF agus oibreacha oifige chun filleadh foirne a éascú agus tabhairt isteach polasaí oibre cumaisc píolótach. |

## Cosaint Sonraí

Geallann QQI cearta agus príobháideacht daoine aonair a chosaint ar aon dul leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí 2018. Foráiltear sna hAchtanna le haghaidh sonraí a bhailiú agus a úsáid ar shlí fhreagrach, agus chun úsáidí neamhiarrtha agus úsáidí dochracha sonraí a chosc. Déanann QQI maoirsiú ar leibhéal comhlíonta na heagraíochta le cinntiú go bhfuil socruithe leordhóthanacha agus bonneagar i bhfeidhm againn chun riachtanais na nAchtanna um Chosaint Sonraí a chomhlíonadh.

## Nochtaí Cosanta

Ceanglaíonn Alt 21 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 ar gach comhlacht poiblí nósanna imeachta a bhunú agus a choimeád le gur féidir le hoibrithe, atá nó a bhí fostaithe ag an gcomhlacht poiblí, nochtuithe faoi chosaint a dhéanamh agus chun déileáil leis na nochtuithe sin.

## Ráiteas ar chomhlíonadh an Achta

Deimhníonn QQI:

- tá bealaí agus nósanna imeachta tuairiscithe inmheánacha bunaithe aige de réir an Achta.
- 2mar Dhuine Forordaithe, tá bealaí agus nósanna imeachta tuairiscithe seachtracha bunaithe aige de réir an Achta.
- tá faisnéis a cheanglaítear faoin Acht de réir Alt 22(1) do 2023 curtha ar fáil aige don Aire.

Tuarascálacha ar Nochtadh Cosanta 2023:

1. *Níor thuairiscigh fostaithe QQI aon Nochtadh Cosanta.*
2. *Tuairiscíodh trí Nochtadh Cosanta do Phríomhfheidhmeannach QQI mar Dhuine Forordaithe.*

   Astu seo, rinneadh tuarascáil amháin a mheasúnú agus a dhúnadh mar fuarthas amach nach mbaineann sé le hábhair a bhfuil an Duine Forordaithe forordaithe ina leith; rinneadh measúnú ar thuarascáil amháin, agus rinneadh obair leantach ar chúrsaí a fuarthas a bheith laistigh d'inniúlacht QQI agus díríodh orthu go sásúil trí phróisis inmheánacha QQI a úsáid. Dúnadh an tuarascáil seo ina dhiaidh sin. Bhí an tríú tuairisc á measúnú i gcónaí ag deireadh 2023.

## Gearáin faoin tseirbhís

Ní bhfuair QQI aon ghearán i dtaobh na seirbhíse in 2023.

## Rialuithe inmheánacha

Feidhmíonn QQI córas rialaithe inmheánaigh ar próiseas é a chuireann Bord QQI, an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin, agus pearsanra eile i bhfeidhm, atá deartha chun dearbhú réasúnach a sholáthar maidir le baint amach cuspóirí sna catagóirí seo a leanas:

- Rioscaí maidir le dualgais reachtúla QQI a chomhlíonadh agus cuspóirí a bhaint amach mar atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise.
- Iontaofacht an tuairiscithe airgeadais.
- Comhlíonadh na ndlíthe agus na rialachán is infheidhme.
- Comhlíonann gach idirbheart airgeadais caighdeáin rialtachta agus cuibhis mar atá sainmhínithe ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

## An Timpeallacht Rialaithe

Cuimsíonn an timpeallacht rialaithe arna fheidhmiú ag QQI beartais, próisis agus nósanna imeachta um rialuithe inmheánacha airgeadais, bainistíocht acmhainní daonna, an creat bainistíochta riosca agus próiseas an chláir riosca, próisis shlándála agus rialaithe TFC, na próisis agus na nósanna imeachta chun dámhachtainí a dhéanamh agus a dheimhniú agus bainistíocht agus treorú iomlán na heagraíochta ag an bPríomhfheidhmeannach agus na Stiúrthóirí. Lean an Coiste Iniúchta agus Riosca dá ról maoirseachta a oibriú laistigh de QQI de réir Théarmaí Tagartha an Choiste.

Níor tharla aon sárú ar na rialuithe inmheánacha in 2023.

## Calaois

Níor nochtadh ná níor thángthas ar aon chás calaoise nó calaoise amhrasta le linn 2023.

Níor tuairiscíodh aon chás calaoise ach an oiread do AD, don Phríomhfheidhmeannach, don Iniúchóir Inmheánach nó don Choiste Iniúchta agus Riosca le linn na bliana.

## Achoimre

Tá an córas rialachais, bainistíochta riosca agus rialaithe inmheánaigh in QQI deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal réasúnta seachas deireadh a chur le gach riosca teipe ó thaobh aidhmeanna agus cuspóirí a bhaint amach. Tá an bhainistíocht shinsearach laistigh de QQI freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil. Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha.

D'fhostaigh an Coiste Deloitte chun athbhreithniú seachtrach neamhspleách bliantúil a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais um rialuithe inmheánacha do 2023 mar a cheanglaítear leis an gCód Cleachtais. Tá an tuarascáil le cur faoi bhráid. bhráid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca lena breithniú agus lena faomhadh ag cruinniú Eanáir, 2024. agus moladh don Bhord QQI é dá mbreithniú ag a chruinniú i mí Feabhra 2024.

## Ráitis beartais um éifeachtúlacht fuinnimh agus comhshaoil

Cuireann an tAcht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021 bonn dlíthiúil faoi ghníomhaíocht aeráide san earnáil phoiblí. Ceanglaíonn sé ar gach comhlacht poiblí a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh ar bhealach atá comhsheasmhach le huaillmhianta náisiúnta aeráide. Ghlac QQI le Plean Gníomhaíochta Aeráide na hEarnála Poiblí 2021 agus tá Treochlár Gníomhaíochta Aeráide curtha i bhfeidhm ina leagtar amach spriocanna QQI chun:

- Astuithe GHG a laghdú de 51% faoi 2030.
- An feabhas ar éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú go 50% faoi 2030.

An dul chun cinn go dtí seo:

1. Is oifig gan pháipéar é.
2. Laghdaíodh an spás oifige trí léasanna a scor.
2. Rinneadh an úsáid fuinnimh a íoslaghdú trí úsáid ár spásanna oifige a bhainistiú (sa timpeallacht oibre chumaisc) ionas nach ndéanfar spásanna neamháitithe a shoilsiú ná a théamh.
4. Cuireadh córais LED atá tíosach ar fhuinneamh in ionad gach soilsithe, as ar lean 66% de choigilt chumhachta measta in aghaidh an aonaid.
5. Tacaíonn QQI leis an scéim rothaíocht chun na hoibre agus cuireann sé áiseanna ar fáil do rothaithe lena n-áirítear áiseanna cithfholctha agus limistéir shlána chun rothair a ghlasáil.
5. Tacaímid leis an scéim TaxSaver chun ár bhfoireann a dhreasú chun iompar poiblí a úsáid.

Tá pleananna ag QQI chun ár spleáchas ar théamh breosla iontaise a laghdú trí aistriú ó ghás go roghanna eile atá níos tíosaí ar fhuinneamh sa ghearrthéarma.

## Comhionannas Earnála Poiblí agus Dínit Chearta an Duine

Tá freagracht ar gach comhlacht poiblí in Éirinn an comhionannas a chur chun cinn, an t-idirdhealú a chosc agus cearta daonna a gcuid fostaithe, custaiméirí, úsáideoirí seirbhísí agus gach duine a dtéann a mbeartais agus a bpleananna i bhfeidhm orthu a chosaint.

Tá QQI tiomanta do chultúr comhionannais, éagsúlachta agus cuimsitheachta a bhunú agus a chothabháil chun tacú lena chuid oibre maidir le feabhsú agus rialú cáilíochta san oideachas treasach agus san oiliúint. Mar chomhlacht rialaitheach, tá ról ríthábhachtach againn maidir le sochaí chothrom agus chuimsitheach a chothú ina n-aithnítear an éagsúlacht, ina léirítear meas uirthi agus ina mbaintear leas as ar mhaithe le leas an phobail.

IIn 2023, d'fhorbair agus d'fhoilsigh QQI a chéad bheartas comhionannais, éagsúlachta agus cuimsitheachta.. Forbróidh grúpa oibre tras-eagraíochta plean forfheidhmithe in 2024 chun measúnú a dhéanamh agus chun díriú ar shaincheisteanna comhionannais agus cearta an duine a bhaineann le cuspóir agus feidhm QQI.

# Aguisíní

## AGUISÍN 1

### Cinntí um Bailíochtú a Rinneadh le linn 2023, lena n-áirítear iarratais a fuarthas roimh 2023

| Earnáil | Cineál an Chinnidh | Toradh | Cláir |
|---|---|---|---|
| AOO | Bailíochtú Nua | Bailíochtaithe | 81 |
| | | Bailíochtú Diúltaithe | 4 |
| | Athbhailíochtú | Bailíochtaithe | 29 |
| | Leathnú/Mionathrú | Bailíochtaithe | 49 |
| | Iomlán - AOO | | **163** |
| BOO | Bailíochtú Nua (Bunaidh) | Bailíochtaithe | 85 |
| | Nua (Comhroinnte) | Bailíochtaithe | 247 |
| | Bailíochtú Nua | Bailíochtú Diúltaithe | 2 |
| | Athbhailíochtú | Bailíochtaithe | 12 |
| | Leathnú/Mionathrú | Bailíochtaithe | 13 |
| | Iomlán - BOO | | **359** |
| **For-iomlán** | | | **522** |

## AGUISÍN 2

### Printíseachtaí

| Earnáil | Cineál an Chinnidh | Toradh | Cláir |
|---|---|---|---|
| BOO | Athbhailíochtú | Bailíochtaithe | 12 |
| | Leathnú/Mionathrú | Bailíochtaithe | 4 |

## AGUISÍN 3

| Cineál an Bhailíochtaithe | Soláthraí | Clár |
|---|---|---|
| Athbhailíochtú | Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin | Sainteastas in Innealtóireacht Déantúsaíochta ar Threalamh Bunaidh |
| Athbhailíochtú | Bord Oideachais agus Oilúna Chathair Bhaile Átha Cliath | Sainteastassa Cheantálaíocht agus i Seirbhísí Réadmhaoine |
| Athbhailíochtú | Conair Mhear chuig Teicneolaíocht na Faisnéise | Sainteastas i Líonrú Ríomhaireachta |
| Athbhailíochtú | Conair Mhear chuig Teicneolaíocht na Faisnéise | Sainteastas sa Ríomhchlárú |
| Athbhailíochtú | Bord Oideachais agus Oilúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma | Sainteastas sa Díolachán |
| Athbhailíochtú | Bord Oideachais agus Oilúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma | Leibhéal 5 Teastas sa Bhúistéireacht Cheirde |
| Athbhailíochtú | Retail Ireland Skill net | Sainteastas sa Mhaoirseacht Miondíola |
| Athbhailíochtú | Solas | Sainteastas Ceardaíochta - Cearpantóireacht agus Siúineireacht |
| Athbhailíochtú | Solas | Sainteastas Ceardaíochta - Leictreach |
| Athbhailíochtú | Solas | Sainteastas Ceardaíochta - Oibriú Miotail |
| Athbhailíochtú | Solas | Sainteastas Ceardaíochta - Pluiméireacht |
| Athbhailíochtú | Solas | Sainteastas Ceardaíochta - Meicníocht Feithiclí Troma |
| Fairsingiú | Conair Mhear chuig Teicneolaíocht na Faisnéise | Sainteastas sa Cibearshlándáil |
| Fairsingiú | Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin | Sainteastas sa Chrannadóireacht |
| Fairsingiú | Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir | Sainteastas sa Ghruaigeadóireacht |
| Fairsingiú | Bord Oideachais agus Oilúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma | Sainteastas sa Díolachán |

# Ciorruithe

| | |
|---|---|
| AI | Intleacht Shaorga |
| AQR | Tuairisciú Bliantúil ar Cháilíocht |
| ARC | Coiste na gCeaduithe agus na nAthbhreithnithe |
| ATU | Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh |
| ATP | Rochtain, Aistriú agus Forchéimniú |
| C&AG | Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste |
| CAO | An Lár-Oifig Iontrála |
| CAS | An Comhchóras Dámhachtainí |
| CCT | Coláiste na Teicneolaíochta Ríomhaireachta |
| CDETB | BOO Chathair Bhaile Átha Cliath |
| CEAIE | Cumann Oideachais na Síne um Malartú Idirnáisiúnta |
| CEFR | Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha |
| CEO | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin |
| CRADLE | An tIonad um Thaighde i Measúnú agus Foghlaim Dhigiteach |
| CSO | An Phríomh-Oifig Staidrimh |
| DA | Údarás Tarmligthe |
| DABs | Forais Cháiliúcháin Ainmnithe |
| DCU | Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath |
| DFHERIS | An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta |
| DBS | Scoil Ghnó Bhaile Átha Cliath |
| ELE | Oideachas Mhúineadh an Bhéarla |
| EMT | Foireann Ardbhainistíochta |
| ENQA | An Comhlachas Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta san Ardoideachas |
| EQAF | An Fóras Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta |
| EQF | An Creat Eorpach um Cháilíochtaí |
| EQF-AG | An Creat Eorpach um Cháilíochtaí – Grúpa Comhairleach |
| EQF NCP | An Creat Eorpach um Cháilíochtaí – Point Náisiunta Comhordaithe |
| ESG | Caighdeáin agus Treoirlínte Eorpacha |
| ETBs | Boird Oideachais agus Oiliúna |
| ETBI | An Bord Oideachais agus Oiliúna |
| ETINED | Eitic, Trédhearcacht agus Ionracas san Oideachas |
| FE/BO | Breisoideachas |
| FET/BOO | Breisoideachas agus Oiliúint |
| GAIN | An Líonra Domhanda um Ionraiceas Acadúil |
| GCD | Coláiste Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath |
| GDPR | An Rialchán Ginearálta um Chosaint Sonraí |
| GenAI | Faisnéis Shaorga Ghiniúnach |
| HCI | Tionscnamh um Chaipiteal Daonna |
| HE/AO | Ardoideachas |
| HEA/ÚuA | An tÚdarás um Ardoideachas |
| HET/AOO | Ardoideachas agus Oiliúint |
| HR/AD | Human Resources/Acmhainní Daonna |
| ICT/TEC | Teicneolaíocht an Eolais agus na Cumarsáide |

| | |
|---|---|
| IEM | An Marc Idirnáisiúnta Oideachais |
| IGC | Institiúid na nGairmchomhairleoirí |
| IQQF | Irish Quality and Qualifications Ireland |
| IRQ | Clár Cáilíochtaí na hÉireann |
| ISSCoP | Cód Cleachtais Chóras Staitistiúil na hÉireann |
| IUA | Cumann Ollscoileanna na hÉireann |
| LABs | Forais Cháiliúcháin Liostaithe |
| MoU | Meabhráin Tuisceana |
| NAIN | An Líonra Náisiúnta um Ionracas Acadúil |
| NARIC Acadúil | An tIonad Náisiúnta um Faisnéis ar Aithint |
| NAO | Oifig Náisiúnta na bPrintíseachtaí |
| NCI | Coláiste Náisiúnta na hÉireann |
| NEC | An tIonad Náisiúnta Europass |
| NFDE | An Creat Náisiúnta um Oideachas Dochtúireachta |
| NFQ/CNC | An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí |
| NIDL | An Institiúid Náisiúnta um Fhoghlaim Dhigiteach |
| NStEP Léinn | An Clár Náisiúnta Rannpháirtíochta do Mhic |
| NUI | Ollscoil Náisiúnta na hÉireann |
| NZQA | Údarás Cáilíochtaí na Nua-Shéalainne |
| PAEC | Coiste Feidhmiucháin na gClár agus na nDámhachtainí |
| PAOC | Coiste Maorseachta na gClár agus na nDámhachtainí |
| PDA | Comhaontú um Sheachadadh Feidhmíochta |
| PEL | Cosaint d'Fhoghlaimeoirí Rollaithe |
| PSC | An Coiste um Beartais agus Chaighdeáin |
| PSRB | Forais Ghairmiúla, Reachtúla & Rialálas |
| QA | Dearbhú Cáilíochta |
| QDM | Cruinniú Idirphlé Cáilíochta |
| QDR | Clár na dTacar Sonraí Cáilíochta |
| QQI | Cáilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta Éireann |
| RCSI | Coláiste Ríoga na Máinlianna |
| RPL | Aitheantas Réamhfhoghlama |
| SABG | Grúpa na bhForas Cáiliúcháin Reachtúla |
| SAQ | Ceistneoir Féinmheasúnaithe |
| SAQA | Údarás Cáilíochtaí na hAfraice Theas |
| SETU | Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt |
| SOC | An tIonad Oibríochtaí Slándála |
| SIEM | Faisnéis Sládála agus Bainistíocht Imeachtaí |
| TEQSA | Gníomhaireacht Cáilíochta agus Caighdeán Oideachas Treasach na hAstráile |
| TUs | Ollscoileanna Teicneolaíochta |
| TUS | Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne |
| USI | Aontas na Mac Léinn in Éirinn |

Dearbhú Cáilíochta
agus Cáilíochtaí Éireann
Quality and
Qualifications Ireland

+353 (0) 1 905 8100
http://qhelp.qqi.ie
www.QQI.ie
@QQI_connect